

1. Brollach an Aire	3
2. Ráiteas an Stiúrtóra	5
3. Fáilte chuig an Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OSI)	7
4. Ag obair le chéile ar Chuimsiú Sóisialta – NAPS/Struchtúir um Chuimsiú Sóisialta	13
5. Buaiceanna na bliana	17
6. A thabhairt i gcrích	19
A. Monatóireacht agus Measúnú ar an Dul Chun Cinn	20
- Ag tuairisciú don Choiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta	20
- An Grúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta	21
- Tuairisc na hÉireann um Chur i bhFeidhm a ullmhú le cur faoi bhráid Choimisiún an AE	22
B. Gach duine i bpáirt	25
- An 2 ^ú Fóram um Chuimsiú Sóisialta	25
C. An chéad Phlean Gnímh Náisiúnta eile in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta (2006-2008) á fhorbairt ag Éirinn	26
D. An scéal a scaipeadh	28
- Straitéis Cumarsáide agus Suíomh Idirlín OSI	28
E. Taighde/Sonraí – straitéis sonraí OSI	31
- Bearnaí sna Sonraí	31
- An Bhochtaine á Meas	31
- Measúnú ar an mBochtaine in Éirinn agus go hidirnáisiúnta (torthaí SILC AE na hÉireann agus an obair a dhéanann fo-ghrúpa na dTáscairí AE)	31
F. Cuimsiú Sóisialta á chur i lár an aonaigh – cuimsiú sóisialta á choinneáil ar an gclár oibre polasaí	33
- Measúnú ar Thionchar na Bochtaine	34
G. Cuimsiú Sóisialta – ceist do Pháirtíochta Náisiúnta	35
H. Cuimsiú Sóisialta agus an Plean Forbartha Náisiúnta	37

I. Ag cur leis an ngné áitiúil/réigiúnda den chuimsiú sóisialta	38
- OSI agus an Gréasán Rialtais um Fhoghlaim Frithbhochtaine	38
- Cuimsiú sóisialta sna seirbhísí Sláinte	38
J. Comhthéacs AE agus Idirnáisiúnta ár gcuid oibre	39
- An Modh Oscailte Comhoibrithe	39
- Comhairle na Breataine agus na hÉireann	40
- Comhairle na hEorpa	40
- OECD	40
- UN	41
- Cuairteoirí ón Iasacht	42



BROLLACH AN AIRE

Tá an comhrac in aghaidh na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta ar cheann de na mórdhúshláin a gcaitheann stát agus sochaí ar bith aghaidh a thabhairt orthu. Chuaigh Éire, i dteannta lena comh-Bhallstát AE, i mbannaí i Lisboa i 2000 sár-iarracht a dhéanamh deireadh a chur leis an mbochtaine faoi 2010. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag Éirinn chun an sprioc sin a bhaint amach. I dtréimhse níos lú ná deich mbliana, saoradh ar a laghad 250,000 duine ón dealús agus ón gcruatan, mar thoradh ar bhearta saindirithe agus ar thacaíochtaí saincheaptha. Tá feabhas mór ar shaol daoine agus ar a gcúinsí maireachtana. Tá bóthar fada arna thaisteal againn i dtreo dheireadh chéasadh na bochtaine, ach tá dúshlán go leor sa bhealach romhainn amach, sular féidir linn a bheith sásta go bhfuil an clabhsúr curtha ar chaibidil na bochtaine dár stair.

Tá saghasana éagsúla bochtaine agus éagothroime ann, agus cúiseanna éagsúla leo, agus tá siad casta go leor. Ó 1997 i leith, tá próiseas straitéiseach curtha in áit, ar dhein cuid de phróiseas gaolmhar AE é i 2001, faoina n-éascaítear agus a gcuirtear chun cinn polasaithe comhordaithe, comhtháite, ilghnéitheacha le tabhairt faoi spriocanna soiléire chun deireadh a chur leis an mbochtaine. Ach ní leor polasaithe, dá fheabhas iad ó thaobh a ndeartha agus a n-acmhainní, gan bealaí éifeachtacha lena gcur i bhfeidhm. Cuirtear níos mó den chomhordú agus den chomhtháthú ag croílár an phróisis straitéisigh, a chuimsíonn coras rialta monatóireachta agus measúnaithe. Tá comhairliúchán le lucht leasmhara, daoine bochta san áireamh, ina chuid bhunúsach d'éifeachtúlacht an phróisis.

Tá ról nach beag ag an Oifig um Chuimísú Sóisialta (OSI), sa Roinn agamsa, maidir leis an gcomhordú is gá chun an straitéis a éascú agus a chur chun cinn, gnéithe náisiúnta, réigiúnda agus idirnáisiúnta san áireamh. Cuirim fáilte roimh an Tuarascáil Bhliantúil seo, ina dtugtar cuntas imlíneach ar an dul chun cinn a rinneadh i 2005. Tugtar mionsonraí gnéithe uile a gcuid oibre, mar aon le dul chun cinn na hÉireann sa chomhrac in aghaidh na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta le fáil ar shuíomh idirlín OSI – www.socialinclusion.ie.

Tá dul chun cinn mor déanta sa tréimhse ó 1997 i leith, nuair a cuireadh tús leis an bpróiseas straitéiseach. Mar shampla, thit líon na ndaoine dífhostaithe de leath, ó 171,000 go dtí 80,000


duine – b’shin laghdú ar an ráta difhostaíochta ó 10.4 faoin gcéad go dtí 4.4 faoin gcéad, ceann de na rátaí ba lú san AE.

Bhí méaduithe móra ar an gcaiteachas agus ar an infheistiú i seirbhísí, le níos mó ná dúbailt de chaiteachas ar chúrsaí leasa shóisialaigh amháin, ó €5.7 billiún i 1997 go dtí €13.6 i mbliana (2006). Chuaigh laghduithe cánach chun tairbhe d’ioncaim i gcoitinne, chomh maith. Idir 2001 agus 2006, tháinig méadú 55.5 faoin gcéad ar an bpinsean Stáit, ar a dtugtar an pinsean seanoise, ráta atá go maith chun tosaigh ar an méadú 16.4 faoin gcéad ar an Innéacs Praghasanna do Thomhaltóirí agus ar an ardú 28.2 faoin gcéad ar an meántuilleamh comhdhlán tionsclaíochta.

Is é an bealach is fearr d’fhormhór daoine éalú as an mbochtaine ná fostaíocht a fháil. I measc na dtosaíochtaí straitéiseacha is mó tábhacht anois tá, deireadh a chur le bacanna ar dheiseanna oibre agus ar chruthú post. Bhí an cur chuige sin mar bhonn le tionscnamh mór straitéiseach, ar cuireadh tús leis i 2005 agus atá dírithe ar theaghlaigh aontuiste agus ar theaghlaigh mhóra. Is cur chuige ábhartha é sin do ghrúpaí eile, mar shampla, daoine faoi mhíchumais agus seanóirí, ar mhaith leo obair a dhéanamh. Chun go n-éireodh go maith leis an gcur chuige sin, is gá infheistiú níos mó a dhéanamh i gcúram leanaí, san oideachas agus in oiliúint, i gcóir iompair agus sna tacaíochtaí sin ar fad a theastaíonn chun cabhrú le daoine obair le fíorthuilleamh a fháil agus a choinneáil. San am céanna is gá dúinn cur leis an infheistiú cun seirbhísí riachtanacha, mar shampla, sláinte agus cúram seanóirí, a thabhairt suas go dtí leibhéal atá bainte amach ag tíortha forbartha eile.

Tabharfar aghaidh ar na tosaíochtaí cinniúnacha sin sa chéad Phlean Gníomh eile um Chuimsiú agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta, atá á n-ullmhú faoi láthair. Mar bhonn mór eolais leis an dá plean sin beidh na cainteanna páirtíochta agus torthaí an phróisis chomhairliúcháin a rinne an OSI a chomhordú i 2005.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Stiúirthóir agus le foireann na hOifige um Chuimsiú Sóisialta agus le cách a bhíonn ag obair in éineacht leo as an dul chun cinn a rinneadar le linn 2005. Táim ag dúil go mór le tuilleadh den chur chun cinn suntasach sin i 2006 agus amach anseo, faoin bPlean Gníomh Náisiúnta agus faoin bPlean Forbartha Náisiúnta ar aon, agus sinn ag obair go dian chun deireadh a chur leis an mbochtaine agus chun sochaí níos cuimsithí agus níos comhionann a chruthú.



Seamus Brennan TD
Aire Gnóthaí Sóisialacha

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Tá áthas orm dara tuarascáil seo na hOifige um Chuimsiú Sóisialta (OSI) faoi obair 2005 na hOifige a chur i láthair.

Mar chuid dár gcéad tuarascáil bhliantúil, bhí léirbhreathnú mionsonraithe ar an dul chun cinn a rinneadh sa chéad bhliain (2003/2004) den dara NAP/cuimsiú (An Plean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta, Iúil 2003 – Meitheamh 2005). Bhí ár bpríomhfhócas sa chéad leat de 2005 ar mheasúnú ar chur i bhfeidhm an phlean thar a dhá bhliain ag obair, bunaithe ar an tuairisc ar dhul chun cinn roimpi. Cuireadh an tuairisc sin ar an measúnú, a chuimsíonn nuashonrú ar fhorbairtí arna bpleanáil go dtí lár 2006, i gcrích agus cuireadh isteach í roimh dheireadh spriocdháta Meitheamh 2005 an AE. Tá cóipeanna ar fáil ón Oifig agus ar shuíomh idirlín OSI.

Ar an ábhar sin, díritear sa Tuarascáil Bhliantúil seo go príomha ar obair na hOifige i 2005. Chuir an próiseas measúnaithe sa chéad leath den bhliain deis mhaith ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na ngealltanais agus na spriocanna ar glacadh leo, ar éifeachtúlacht na struchtúr riaracháin, na ngnás comhordaithe agus, sa deireadh thiar thall, na dtorthaí a baineadh amach. Páirteach sa phróiseas measúnaithe, trí na struchtúir ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil, bhí an lucht leasmhara ba mhó tábhacht, idir Rialtasach agus neamh-Rialtasach, ionadaithe na bpáirtithe sóisialta san áireamh, chomh maith le daoine bochta agus daoine a bhíonn ag obair leo.

Léirigh an measúnú go raibh an próiseas NAP/cuimsiú ag obair, go háirithe i gcomhthéacs an ghealltanais chinnte a theastaíonn chun na cuspóirí agus na spriocanna a chur i gcrích, agus ar éirigh chomh rathúil sin leis an obair sin i mbun a deanta. Ach leagadh méar sa phróiseas, áfach, ar áiteanna ina bhfuil gá le dul chun cinn níos mó agus ar na príomhdhúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, a bhfuil cur síos orthu san anailís achoimre AE ar fheidhmíocht na hÉireann, a bhfuil aithris air sa tuarascáil seo.

Tasc mór eile ab ea comhordú comhairliúcháin náisiúnta le lucht leasmhara, maidir leis an gcéad NAP/cuimsiú de chuid na hÉireann a fhorbairt, ó 2006 go 2008. Rud é sin ar cuireadh tús leis i Meán Fómhair le hiarratais ar aighneachtaí scríofa, agus sraith seimineár ar a lorg sin. Cuireadh tuairisc faoi thorthaí an chomhairliúcháin faoi bhráid an Fhóraithe um Chuimsiú Sóisialta i bhFeabhra 2006, arna heagrú i gcomhar ag OSI agus ag an bhFóram Eacnamaíochta agus Sóisialta. D'éirigh go maith leis an bhFóram sin, chomh maith, maidir le riachtanais daoine i ngátar a chur i bhfocail agus maidir leis na tosaíochtaí chun na riachtanais sin a shásamh.

Cun tionchar cinniúnach a imirt ar an mbochtaine, is gá go mbeadh cur chuige comhordaithe “thar an mbord” ann, chun déileáil leis na dúshláin is doimhne a bhaineann le grúpaí leochaileacha áirithe. I measc na ngrúpaí sin tá teaghlaigh aontuiste agus teaghlaigh ar ioncaim ísle le muirir mhóra. Bhí ról tábhachtach ag OSI in athbhreithniú idir-Rannach ar na bacanna fostaíochta agus oiliúna a bhí ag cur as do chuid mhór tuistí aonair agus tuistí le muirir mhóra. Tugtar mionsonraí an tionscnaimh sin in áit eile sa tuarascáil seo.

Is follas, diaidh ar ndiaidh, go bhfuil cur chun cinn an chuimsithe shóisialta ina ábhar tábhachtach ní do na Ranna sin amháin agus do na gníomhaireachtaí sin ar a luíonn freagacht as fostaíocht as as polasaithe sóisialta. Is féidir le polasaithe nach léir a ngaol leis

sin tionchar a imirt, chun leasa nó chun aimhleasa. Le linn na bliana, chuir an Oifig athbhreithniú i gcrích, maidir leis na treoirlínte um promhadh bochtaine ag gach Roinn agus ag gach gníomhaireacht, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar a bpolasaithe ar an mbochtaine agus ar an eisiámh sóisialta. Tá na treoirlínte sin faoin teideal nua *Measúnú ar Thionchar na Bochtaine* anois, ag freagairt dá ról níos forbartha, rud a leathnófar go dtí gach Roinn le linn 2006.

Chun go gcuirfear monatóireacht, measúnú agus tuilleadh forbartha polasai i gcrích, tá se riachtanach go mbeadh fáil ar na sonraí is gá chun dul chun chinn agus éifeachtúlacht a mheas agus a thomhas. Rud eile a theastaíonn, taighde chun cúiseanna na bochtaine agus an eisiámh shóisialta a aithint go leanúnach, mar aon leis na polasaithe is fearr chun torthaí éifeachtacha a bhaint amach. Lean an Oifig dá cuid oibre maidir le tosaíocht a thabhairt dá tacaíocht agus dá feidhmeanna comhordaithe sna réimsí tábhachtacha sin i 2005.

Feidhm thábhachtach tacaíochta eile is ea an chumarsáid. Éilíonn rialú maith agus trédhearcacht ar aon go gcoinneofaí an lucht leasmhar ar fad ar an eolas, den chuid is féidir, maidir le gach gné den phróiseas. Cuireann suíomh idirlín OSI, atá i mbun oibre ó thús 2005, go mór leis an obair chun ár gcuspóirí, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, a bhaint amach.

Aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta gur gá cur chuige straitéiseach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaine agus ar an eisiámh sóisialta, go háirithe, ag an Aontas Eorpach, ag Comhairle na hEorpa, ag an OECD agus ag an UN. Cuimsíonn cúnamh na n-eagraíochtaí sin chuige sin malartuithe idir ballstáit a éascú, maidir le faisnéis, le hanailís, le saineolas, le taithí agus leis na cineálacha dea-chleachtais a forbraíodh, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán i gcoitinne. Tugtar cur síos gearr imlíneach ar an obair sin i 2005, i mbliain a bhí suntasach go leith sa réimse polasai sin. Tá fás, chomh maith, ar an gcomhaontú maidir le tionchar na bochtaine, agus an OECD, mar shampla, ag cur in iúl gur "...fianaise an bhochtaine agus an neamh-chomhionnna de shochaí neamhéifeachtach, a chuireann acmhainní daonna amú, mar aon le deiseanna agus seansanna saoil... (agus go mbeidh siad)... go mór i gcoinne ár gcumais, maidir le coinneáil den fhás géilleagrach ar feadh na mblianta amach anseo".

Leagann sé sin béim ar nádúr iomlán an dúshlán atá roimh an Stáit, agus roimh an tsochaí i gcoitinne, maidir le comhrac in aghaidh na bochtaine agus an eisiámh shóisialta. Is cuspóirí dén chéad aicme rialú maith agus trédhearcacht, ina mbeidh an lucht leasmhara ar fad rannpháirteach, rud a bhí mar phríomhfhócas le hobair OSI, le linn 2005, ach go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le cách lena mbímid ag obair, as ucht a dtacaíochta i 2005. Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann uile na hOifige as ucht a ndúchtrachta agus a ndílse i gcaitheamh na bliana.

Gerry Mangan

Stiúrthóir, An Oifig um Chuimsiú Sóisialta

FÁILTE CHUIG AN OIFIG UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA (OSI)



Is í an Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OSI), atá lonnaithe sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an oifig Rialtais ar a leagtar freagracht i gcoitinne as Plean Gnímh Náisiúnta na hÉireann in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta (NAP/cuimsiú) a fhorbairt, a chomhordú agus a thiomáint.

Aithnítear i bpróiseas NAP/cuimsiú gur iomaí sin gné a bhaineann le cúiseanna na bochtaine agus a tionchar agus gur freagra comhtháite, ilpholasaí a theastaíonn, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnda agus ar an leibhéal áitiúil. Déantar a an cur chuige straitéiseach chun dul i ngleic leis an mbochtaine a leagadh amach sa chéad *Straitéis in Aghaidh na Bochtaine* a ionchorprú sa Phlean Gnímh Náisiúnta reatha, agus, ina theannta sin, tá ina scáthán de na gealltanais um chuimsiú sóisialta a aontaíodh in *Ag Coinneáil den Dul Chun Cinn* – Comhaontú Náisiúnta na hÉireann um Páirtíocht Shóisialta.

FOIREANN NA HOIFIGE



Gerry Mangan
Stiurthóir



Orlaigh Quinn
Príomhoifigeach



Cathy Barron

Príomhoifigeach Cúnta

Tá Cathy ina hionadaí ag OSI i ngrúpa oibre NAPS/Sláinte, agus oibríonn in éineacht le Darren agus le Lorcán sna réimsí freagrachta thíosluaite.



Eamonn Moran

Príomhoifigeach Cúnta

Tá Éamonn ina ionadaí ag OSI ar Choiste Chlár Eisiaimh Shóisialta an AE, agus oibríonn in éineacht le Ciarán, le Stephen agus le Peter sna réimsí freagrachta thíosluaite.



Peter Duffy

Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Cuimsíonn na réimsí freagrachta atá ag Peter

Oifigeach Liaison idir OSI agus –

- An Roinn Dí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dí (Lucht Siúil san áireamh)
- An Roinn Airgeadais
- An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chiníochas agus Idirchultúrthacht

Soláthar tacaíochta do lucht bainistíochta OSI maidir le –

- Tionscnaimh um Páirtíocht Shóisialta
- Fóraim Idirnáisiúnta
- Neamh-AE

Comhordú –

- Páirtíocht Shóisialta

Dualgais Riaracháin –

- Liaison leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine



Darren Malone

Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Cuimsíonn na réimsí freagrachta atá ag Darren –

Oifigeach Liaison idir an OSI agus –

- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- An Roinn Ealaíon agus Cultúir

Tacaíocht rúnaíochta le haghaidh –

- Grúpa Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta (MGAS)

Comhordú –

- NAP/cuimsiú 2006-08 a thairgeadh
- An Fóram Bliantúil um Chuimsiú Sóisialta



Lorcan O'Malley

Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Cuimsíonn na réimsí freagrachta atá ag Lorcan –

Oifigeach Liaison idir an OSI agus –

- An Roinn Sláinte agus Leanaí
- Oifig an Aire um Leanaí
- Roinn an Taoisigh (R-chuimsiú agus Caighdeáin Rochtana)
- An Roinn Iompair

Soláthar tacaíochta do lucht bainistíochta OSI maidir le –

- Straitéis Cumarsáide/Suíomh Idirlín
- Tacaíocht d'Oifigigh Liaison

Comhordú –

- Tuarascáil Bhliantúil 2005 OSI



Stephen Hanna

Oifigeach Riaracháin

Cuimsíonn na réimsí freagrachta atá ag Stephen –

Oifigeach Liaison idir OSI agus –

- An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- Údaráis Áitiúla

NDP/CSF – san am i láthair agus amach anseo

Soláthraíonn tacaíocht do lucht bainistíochta OSI maidir le –

- Measúnú ar Thionchar na Bochtaine agus promhdh eile

Fóraim Idirnáisiúnta –

- AE

Tacaíocht rúnaíochta –

- don Ghrúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta (SICG)



Ciaran Diamond

Oifigeach Riaracháin

Cuimsíonn na réimsí freagrachta atá ag Ciarán –

Oifigeach Liaison idir an OSI agus –

- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Soláthraíonn tacaíocht do lucht bainistíochta OSI maidir le –

- Straitéisí Sonraí

Fóraim Idirnáisiúnta –

- Comhairle na Breataine agus na hÉireann

Tacaíocht rúnaíochta –

- An Grúpa Comhairleach Teicniúil (TAG)

Ann Murphy

Oifigeach Cléireachais

Cuimsíonn réimsí freagrachta Ann –

- Tacaíocht chléireachais a sholáthar d'fhoireann uile OSI
- Socruithe a bhaineann le tuarascálacha, pleananna agus comhfhreagras a dhéanamh agus ansin iad a chomhordú, a thairgeadh, a sheoladh agus a scaipeadh.
- Íocaíochtaí airgeadais a phróiseáil
- Cruinnithe a shocrú

CAD IAD PRÍOMHFHEIDHMEANNA NA hOIFIGE?

1. An Plean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta a chomhordú.
2. Monatóireacht agus measúnú ar chur i bhfeidhm an phlean.
3. Feidhmeanna tacaíochta mar thaca leis an bpróiseas a fhorbairt, e.g.
 - Straitéis Sonraí
 - Measúnú ar Thionchar na Bochtaine
 - Taighde
4. Tacú le cur i bhfeidhm réigiúnda agus áitiúil.
5. Straitéis cumarsáide agus próiseas comhairliúcháin a chur i bhfeidhm, maidir leis an NAP/cuimsiú.
6. Malartuithe, dea-chleachtais agus riachtanais tuairisceoireachta ar an leibhéal idirnáisiúnta a éascú.

1. Comhordú

Cuid den phróiseas a bhaineann le NAP/cuimsiú is ea forbairt pleananna straitéise ag Ballstáit AE, ina leagtar méar ar threochtaí agus ar mhórdhúshláin, maidir leis an mbochtaine agus le heisiaimh sóisialta. Ioncorpraítear ann cuspóirí i gcoitinne arna gcomhaontú ar leibhéal AE, socraítear ann spriocanna tábhachtacha faoi chuid de na cuspóirí sin agus leagtar síos ann bearta thar réimsí polasaí a bhaineann le hábhar, chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí agus ar na spriocanna sin. Cuid eile den phróiseas is ea úsáid táscairí, cuid arna gcomhaontú ar leibhéal AE, chun dul chun cinn a mheas, maidir le spriocanna polasaí a bhaint amach. Bíonn an Oifig um Chuimsiú Sóisialta ag obair le Ranna Rialtais a bhaineann le hábhar chun an próiseas sin a chomhordú, agus méar á dhiriú acu ar thosaíochtaí chun déileáil níos fearr leis an mbochtaineacht, go háirithe i gcomhthéacs na dtreochtaí agus na ndúshlán de réir mar a thagann chun cinn. Rud eile a chuimsíonn ár gcuid oibre, cur chuige comhordaithe, comhtháite a chur chun cinn thar scata réimsí polasaí chun tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha.

I measc na dtosaíochtaí ba mhó tábhacht sa réimse sin 2005 ab ea eagrú próisis fhairsing comhairliúcháin mar chabhair chun an chéad Phlean Gnímh Náisiúnta d'Éirinn, a chlúdóidh an tréimhse 2006-2008, a fhorbairt.

2. Monatóireacht agus Measúnú

Cuid leantach d'obair OSI leis na Ranna is ea monatóireacht agus measúnú ar na cuspóirí agus ar na spriocanna um chuimsiú sóisialta atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Ciallaíonn measúnú cinneadh a dhéanamh, i dtreo dheireadh thréimhse an phlean, maidir cé chomh maith is a éiríonn leis na beartaí polasaí na torthaí a theastaíonn a fháil, agus na táscairí in úsáid chun toradh na hoibre a mheas. Cuid thábhachtach d'obair na hOifige i 2005 ab ea tuairisc a cuireadh le chéile i gcomhair an AE, ag cur síos ar an dul chun cinn faoi 2003-2005 NAP/cuimsiú maidir le cuspóirí agus spriocanna a chur i gcrích, agus na torthaí a theastaíonn a fháil.

3. Feidhmeanna Tacaíochta

Déanann an OSI comhordú ar na feidhmeanna tacaíochta seo leanas, a dearadh chun an próiseas a éascú, agus chun cabhrú leis:

Straitéis Sonraí – a bhfuil d’aidhm léi, córais a fhorbairt de réir a chéile, d’fhonn a chinntiú go mbíonn fáil ar na sonraí a theastaíonn chun críocha a bhaineann le monatóireacht, le socrú tosaíochtaí polasaí, le socrú spriocanna agus le forbairt polasaí i gcoitinne.

Measúnú ar Thionchar na Bochtaine – cuireadh athbhreithniú ar na treoirlínte reatha i gcrích i 2005, rud a chuimsigh comhairliúchán le lucht leasmhara tábhachtacha agus comhordú níos mó le próisis chosúla, mar shampla, promhadh inscne agus comhionannais i gcomhairle leis an Údarás um Chomhionannas, Comhrac na Bochtaine agus dreamanna eile le spéis san ábhar.

Taighde – Bhí OSI ag obair le heagraíochtaí ábhartha chun féachaint chuige go ndéanfaí taighde ar chúiseanna na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta a choimisiúnu agus a scaipeadh, mar eolas do lucht déanta polasaithe.

Bíonn OSI ag obair go dlúth i gcomhar le heagraíochtaí éagsúla, mar shampla, Comhrac na Bochtaine, an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, an Lár-Oifig Staidrimh, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, an Oifig Náisiúnta um Leanaí agus an tÚdarás um Chomhionannas, maidir leis na feidhmeanna tacaíochta sin a fhorbairt.

4. Cur i bhFeidhm Réigiúnda agus Áitiúil

Déantar cuid mhór de na bearta in aghaidh na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnda agus ar an leibhéal áitiúil. Chun go gcuirfí i gcrích go héifeachtach iad, is gá comhordú le cinntiú go gcuirfí gnéithe áitiúla de chineálacha, d’fhairsinge agus de chúiseanna na bochtaine san áireamh le linn polasaí a dheardh agus a chur i gcrích.

Bíonn an oifig ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, le Ranna eile a bhfuil struchtúir réigiúnda agus áitiúla acu agus leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine, chun fócas níos éifeachtaí a fhorbairt, maidir le NAP/cuimsiú a chur i bhfeidhm go réigiúnda agus go háitiúil.


5. Cumarsáid agus Comhairliúchán

Tá cumarsáid éifeachtach maidir le treochtaí agus le dúshlán a bhaineann leis an mbochtaine agus le próisis leantacha straitéise chun déileáil léi, den riachtanas chun an trédhearcacht is gá mar mhaithe le gach duine lena mbaineann. Ar an lucht leasmhara is tábhachtaí tá gach duine sa chóras rialtasach, na Páirtithe Sóisialta, na hearnálacha pobail agus deonacha, pobail an léinn agus an taighde, na meáin, an pobal i gcoitinne agus, thar aon ní eile, daoine bochta. Cuireadh bailchríoch ar straitéis cumarsáide chun aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir sin i 2005, agus cuireadh an straitéis sin i gcrích.

6. Gné Idirnáisiúnta ár gcuid oibre

Tá sé mar mhórtosaíocht san AE agus lasmuigh de, deireadh a chur leis an mbochtaine. Tá go leor le gnóthú as taithí tiortha éagsúla a roinnt, maidir le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo i gcoitinne, agus as an anailís ar pholasaí agus as torthaí taighde eagraíochtaí idirnáisiúnta. Le linn 2005, bhí oifigigh de chuid OSI rannpháirteach i gCoistí AE, Chomhairle na hEorpa, OECD agus UN. Bhí OSI rannpháirteach, chomh maith, i gClár Gnímh Pobail an AE chun dul i ngleic leis an eisiaimh shóisialta sa tréimhse 2002-2006 agus san obair a ghabhann le snáithe sin Chomhairle na Breataine agus na hÉireann a bhaineann leis an Eisiaimh Sóisialta. Tugtar sonraí gníomhaíochtaí eile 2005 i gcoda eile den tuarascáil.

AG OBAIR LE CHÉILE AR CHUIMSIÚ SÓISIALTA STRUCHTÚIR LE NAPS /CUIMSIÚ SÓISIALTA



CONAS A OIBRÍONN AN OSI?

> **Socruithe institiúideacha.**

Is gá go mbeadh gréasán eagraíochtaí éagsúla den chóras Rialtais agus Oireachtais páirteach go díreach chun go n-oibreodh NAP/cuimsiú agus chun go bhforbrófaí iad. Seo iad na socruithe institiúideacha ina n-oibríonn an OSI:

- > An Coiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta, Drugaí agus Forbairt Tuaithe;
- > An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne;
- > Coistí Oireachtais;
- > An Grúpa Oifigeach Sinseartha um Chuimsiú Sóisialta;
- > Grúpa Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta;
- > Aonaid um Chuimsiú Sóisialta laistigh de Ranna Rialtais;
- > An Grúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta – ionadaithe na bPáirtithe Sóisialta;
- > An Fóram um Chuimsiú Sóisialta
- > An Plean Forbartha Náisiúnta/Coistí Monatóireachta faoin Chreat um Thacaíocht Pobail (CSF); agus
- > An Grúpa Comhairleach Teicniúil.

An Coiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta, Drugaí agus Forbairt Tuaithe:

Tugann an Coiste seo, a bhfuil an Taoiseach mar chathaoirleach air agus na hAireí ábhartha ina mbaill de, treoir ghinearálta straitéiseach, maidir le forbairt polasaithe um chomhrac na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta, agus féachainn chuige go ndéantar monatóireacht go tráthrialta ar a gcur i bhfeidhm agus a gcur chun cinn ar an leibhéal is airde. Soláthraíonn an Grúpa Oifigeach Sinseartha agus Grúpa Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta tacaíocht don obair sin.

An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne:

Tuairiscíonn an OSI go tráthrialta faoi chúrsaí forbartha don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ar a bhfuil freagracht shainiúil i leith na hoifige agus as tuairisciú ar a cuid gníomhaíochtaí a dhéanamh leis an Oireachtas (féach thíos, chomh maith). Tá Stiúrthóir OSI ina bhall de Choiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne agus is don Choiste sin a bhíonn sé ag tuairisciú.

Coistí Oireachtais:

Is féidir go n-iarrfaí ar an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh tuairiscí rialta maidir le dul chun cinn a chur i láthair Chomhchoistí an Oireachtais maidir le Gnóthaí Teaghlaigh agus le Gnóthaí Eorpacha.

An Grúpa Oifigeach Sinseartha um Chuimsiú Sóisialta:

Grúpa é seo faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh. Coinníonn an grúpa seo súil i gcoitinne ar cheisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta agus cuireann an Coiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta ar an eolas maidir le ceisteanna ag teacht chun cinn. Bíonn sé ag déileáil, chomh maith, le forbairtí polasaí a bhaineann le cuspóirí straitéisí um chuimsiú sóisialta a chur i gcrích.

Grúpa Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta:

Grúpa é seo faoi chathaoirleacht OSI, ina bhfuil iondadaíthe ardleibhéal na Ranna is mó a bhaineann le comhrac in aghaidh na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta. Tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar obair OSI agus as cur i bhfeidhm ginearálta an Phlean Gnímh Náisiúnta.

Aonaid um Chuimsiú Sóisialta/Oifigigh Liaison:

Cuirtear iad sin ar bun sna Ranna Rialtais is mó a bhaineann le hábhar, chun comhordú a dhéanamh ar obair a Ranna féin sa phróiseas, i gcomhar leis an OSI agus faoi stiúradh ginearálta bhaill an Ghrúpa Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta.

An Grúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta – ionadaithe na bPáirtithe Sóisialta:

Gléas tábhachtach is ea an grúpa seo, chun na páirtithe sóisialta a thabhairt isteach sa phróiseas um NAP/cuimsiú. Tá se faoi chomhchathaoirleacht na Ranna Rialtais a bhaineann le hábhar, na páirtithe sóisialta, an earnáil pobail, an earnáil dheonach agus gníomhaireachtaí áirithe reachtúla, mar shampla, Comhrac na Bochtaine, An tÚdarás Comhionannais agus an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tagann an Grúpa lé chéile faoi dhó sa bhliain, ar a laghad, chun a chomhairle agus a thuairimí a thairiscint.

An Fóram um Chuimsiú Sóisialta

Bunaíodh an Fóram um Chuimsiú Sóisialta mar chuid de struchtúir leasaithe NAPS chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar NAPS agus deis a thabhairt do bhaill an phobail agus d'ionadaithe na hearnála pobail agus deonaí eolas a fháil agus a chur ar fáil, maidir leis an bpróiseas um NAP/cuimsiú. Tháinig an fóram le chéile den chéad uair i 2003, agus bhí an dara cruinniú de in Eanáir 2005.

Plean Forbartha Náisiúnta (NDP)/Coistí Monatóireachta faoin Chreat um Thacaíocht Pobail (CSF):

Tá sé mar fhreagracht ar an OSI tacú leis an bprionsabal cothrománach um chuimsiú sóisialta laistigh den NDP/CSF. Mar chabhair chun an próiseas sin a chur chun cinn agus mar ghéaru ar fhócas an NDP um chuimsiú sóisialta, bíonn an OSI rannpháirteach i gCoistí Monatóireachta uile an NDP agus ag obair le Comhrac na Bochtaine, maidir le cúnamh teicniúil a sholáthar.

An Grúpa Comhairleach Teicniúil:

Cabhraíonn an Grúpa seo leis an OSI i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm Straitéis oiriúnach Sonraí mar thaca leis an bpróiseas um NAP/cuimsiú. Cuimsíonn a bhallraíocht ionadaithe a bhaineann leis na Ranna Rialtais is mó a bhaineann le hábhar, leis an Lárionad Staidrimh, le Comhrac na Bochtaine, leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus leis an Údarás Comhionannais.

Comhrac na Bochtaine (CPA): eagras reachtúil é seo, atá ag obair chun bochtaine agus eisiámh sóisialta a mhaolú agus deireadh a chur leo, trí mheán comhairle a chur ar an Rialtas, bearta nuálacha frithbhochtaine a fhorbairt, scrúdú a dhéanamh ar chineálacha, ar chúiseanna agus ar fhairsinge na bochtaine in Éirinn agus tuiscint níos fearr a chothú measc an phobail, maidir le cad is bochtaine agus eisiámh sóisialta ann. Bíonn cruinnithe tráthrialta ag an OSI leis an nGníomhaireacht, go háirithe maidir le taighde um bochtaine, agus chun rannpháirtíocht rialtais réigiúnda agus áitiúil sa phróiseas a mhéadú. Feidhnmíonn an OSI mar liaison idir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, maidir le cúrsaí a bhaineann leis an mBord, le cúrsaí airgeadais agus leis na meáin.

Seo a leanas roinnt samplaí de réimsí oibre ina mbíonn caidreamh dlúth idir an OSI agus an CPA (féach mionsonraí ina leith in áiteanna eile sa tuarascáil seo);

- > Gréasán Foghlamtha Frithbhochtaine Rialtais Áitiúil
- > An Clár um Pobail Shláintiúla a Thógáil
- > An Mheitheal um NAPS agus Pleanáil Tionscadal Sláinte
- > Clár Gnímh Pobail in aghaidh Eisiámh Shóisialta
- > Eisiámh Sóisialta sa Phlean Forbartha Náisiúnta.
- > Measúnú ar Thionchar na Bochtaine
- > An Fóram um Chuimsiú Sóisialta
- > An Grúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta
- > Taighde, an Grúpa Comhairleach Teicniúil um NAP/cuimsiú san áireamh
- > An Grúpa Oibre chun socuithe um thacaíocht ioncam do thuistí aonair a athbhreithniú

BUAICEANNA NA BLIANA

- 2^ú Fóram um Chuimsiú Sóisialta NAPS, arna chomh-mhaoiniú agus arna chomheagrú ag OSI agus NESF, a réachtáladh in Eanáir san Óspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann
- Gnás leasaithe agus treisithe maidir le monatóireacht agus measúnú um NAP/cuimsiú go dlúth i gcomhar le hoifigigh shinseartha agus le hoifigigh liaison i Ranna Rialtais a bhaineann le hábhar
- Tuairisc ar chur i bhfeidhm 2^ú NAP/cuimsiú na hÉireann curtha faoi bhráid an Choiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta agus faoi bhráid Choimisiún an AE i Meitheamh mar chuid de Mhodh Oscailte Comhordaithe an AE
- Forbairt agus monatóireacht táscairí chun tionchar an chuimsithe shóisialta sa Phlean Forbartha Náisiúnta a mheas
- Cuireadh an scrúdú ar bhearta um bochtaine in Éirinn chun cinn tríd an nGrúpa Comhairleach Teicniúil, a chabhraíonn leis an Oifig um Chuimsiú Sóisialta. Réachtáladh Seimineár Náisiúnta faoin ábhar sin i Meán Fómhair. Tuairisc curtha faoi bhráid an Choiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta i Mí na Samhna, a d'iarr go ndéanfaí tuilleadh oibre i 2006 ar cheisteanna a bhí fós le réiteach.
- Athbhreithniú ar threoracha um promhadh bochtaine déanta, tar éis próiseas leathan comhairliúcháin a dhéanamh, seimineár náisiúnta i nDeireadh Fómhair san áireamh. Tugadh treoirilínte náisiúnta nua um Measúnú ar Thionchar na Bochtaine isteach roimh dheireadh na bliana.
- Straitéis Cumarsáide tugtha isteach, suíomh sainiúil idirlín OSI um chuimsiú sóisialta agus branda so-aitheanta OSI san áireamh.
- Rinne OSI obair mhór i nGrúpa Oibre RGS&T a bunaíodh i Márta chun athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí ioncaim do thuistí aonair (OPFP), agus obair mhór i bhfo-choiste Oifigeach Sinseartha a cuireadh ar bun chun bacanna fostaíochta tuistí aonair a scrúdu agus tuairiscí a dhéanamh ina leith. Thoiligh an Coiste Comhaireachta tuairiscí an dá ghrúpa mar chuid de phróiseas comhairliúcháin go luath i 2006.
- Comhairliúchán i scríbhinn chun chéad Phlean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiámh Shóisialta eile de chuid na hÉireann a fhorbairt (NAP/cuimsiú 2006-2008), rud a sheol OSI i Meán Fómhair. Réachtáladh seacht seimineár poiblí timpeall na tíre sa tréimhse Mí na Samhna/Mí na Nollag 2005.

A THABHAIRT I gCRÍCH

The background is a solid light blue color. In the lower half, there are several overlapping, curved shapes in various shades of blue, ranging from a medium blue to a dark blue. These shapes create a sense of depth and movement, resembling stylized waves or abstract architectural elements.

A. MONATÓIREACTH AGUS MEASÚNÚ AR AN DUL CHUN CINN

An Coiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta

Tugann an Coiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta (CCSI), faoi chathaoirleacht an Taoisigh, na hAirí Rialtais agus na hAirí Stáit ar fad a bhaineann le hábhar le chéile chun fócas straitéiseach a sholáthar le tabhairt faoi na fadhbanna a bhaineann le bochtaine, le heisiámh sóisialta, le míbhuntáiste agus le himeallú i sochaí na hÉireann. Sé cruinniú a bhí ag an CCSI i 2005.

Tugann an Grúpa Oifigeach Sinseartha um Chuimsiú Sóisialta, faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh, tacaíocht don obair a dhéanann an Coiste seo, a thagann le chéile díreach roimh gach cruinniú den Choiste Comhaireachta, chun mar áis lenar féidir le stáitseirbhísigh shinseartha a machnamh a dhéanamh ar threasghearradh idir ceisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta.

I measc na nithe a pléadh ag na cruinnithe sin i 2005 a bhain leis an obair a bhíonn ar siúl ag an Oifig um Chuimsiú Sóisialta bhí Tuistí Aonair, ceisteanna a bhain le Bochtaine a Mheas agus Sonraí Bochtaine mar aon le cur i bhfeidhm agus forbairt leanúnach ar Phlean Gnímh na hÉireann in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta (NAP/cuimsiú).

Leagadh mar chúram ar fhoghrúpa den Ghrúpa na nOifigeach Sinseartha, as Roinn an Taoisigh, as an Roinn Airgeadais agus as an Oifig um Chuimsiú Sóisialta, na bacanna fostaíochta atá ar thuistí aonair a scrúdu – mar ghrúpa a aithnítear mar cheann i mbaol ar leith, maidir le bochtaine agus le heisiámh sóisialta. Chuir grúpa eile, ar a raibh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh mar thionólaí, eolas ar fáil don athbhreithniú idir-Rannach, ag eascair as an scrúdú a rinneadar ar an íocaíocht do Theaghlaigh Aontuiste – príomhthacaíocht ioncaim na Roinne do thuistí aonair. Tugadh tuairiscí rialta ar an dul chun cinn don Choiste Comhaireachta, a thoiligh, i dtreo dheireadh 2005, a dtuairiscí a fhoilsiú agus próiseas foirmeálta comhairliúcháin le lucht leasmhara maidir le bacanna fostaíochta tuistí aonair, a chur ar bun i 2006.

Maidir le bochtaine a mheas, rinne an Coiste Comhaireachta machnamh ar chur chuige eile a ghlacadh chun bochtaine a mheas, a forbraíodh trí Ghrúpa Comhairleach Teicniúil OSI. Glacadh cinneadh leanúint den obair ar an gceist sin, ag tarraingt ar thorthaí an tSuirbhé AE is déanaí um Ioncam agus Cúinsí Maireachtana (EU-SILC).

I Meitheamh 2005, rinne an coiste machnamh ar an tuairisc ar Chur i bhFeidhm agus Nuashonrú Phlean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta 2003-2005 (NAP/cuimsiú). OSI a chuir an tuarascáil sin le chéile, i gcomhar le Ranna Rialtais, chomh maith le hanailís agus le measúnú ar chur i bhfeidhm dara NAP/cuimsiú na hÉireann faoin modh oscailte comhordaithe (OMC) don tréimhse 2003-2005. Tugtar ann, chomh maith, an t-eolas is déanaí, maidir le príomhpholasaithe agus le tosaíochtaí do chur i bhfeidhm leanúnach na straitéise le linn 2006.

A. MONATÓIREACTH AGUS MEASÚNÚ AR AN DUL CHUN CINN

An Grúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta

Tugann an Grúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta (SICG) le chéile oifigigh shinseartha rialtais, ionadaithe ó na páirtithe sóisialta, ón earnáil pobail agus ón earnáil deonach, ón ESRI, ó Chomhrac na Bochtaine, mar aon le lucht leasmhara eile go tráthrialta chun comhairle a chur ar fáil maidir le ceisteanna a bhaineann le forbairt, le cur i bhfeidhm agus le measúnú Phlean Gnímh Náisiúnta na hÉireann.

Dhá chruinniú a bhí ag an SICG i 2005. Ag a chruinniú i dtosach an Mheithimh, rinne sé plé ar fhorbairt *NAP/cuimsiú de chuid na hÉireann 2003-2005 Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm agus Nua-shonrú* na hÉireann don AE, a bhí le cur faoi bhráid na Buiséile níos déanaí sa mhí chéanna. Chuidigh tuairimí bhaill SICG le bailchríoch a chur ar an tuarascáil sin (féach leathanach 23-24, maidir le tuairimí an Choimisiúin faoi thuarascáil na hÉireann um chur i bhfeidhm).

I measc na nithe eile a pléadh ag an gcruinniú i Meitheamh bhí forbairt ar Straitéis Sonraí OSI agus an t-athbhreithniú a moladh, maidir leis na Treoirlínte um Promhadh in Aghaidh na Bochtaine (dá ngairtear Measúnú ar Thionchar na Bochtaine anois). Pléadh straitéis cumarsáide OSI, chomh maith, suíomh idirlín OSI san áireamh.

I nDeireadh Fómhair 2005, dhírigh an SICG ar Straitéis Sonraí OSI, agus ar an athbhreithniú ar na Treoirlínte um Measúnú ar Thionchar na Bochtaine. Ba é an rud eile ba mhó a pléadh ná an cur chuige a bheadh le glacadh, maidir leis an gcéad Phlean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta (2006-2008) de chuid na hÉireann a fhorbairt.

A. MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ AR AN DUL CHUN CINN



Tuarascáil na hÉireann um Chur i bhFeidhm a ullmhú lena cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh

Faoi Mhodh Oscailte Comhordaithe an AE (OMC) um Chuimsiú Sóisialta, cuireadh ceangal ar gach Ballstát tuarascáil faoin dul chun cinn maidir leis na spriocanna um chuimsiú sóisialta ina bPleananna Gnímh Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta 2003-2005 a chur ar fáil faoi Mheitheamh 2005.

OSI a rinne comhordú ar ullmhú na tuarascála sin. Bhí an tuarascáil sin mar thoradh ar dhianphróisis monatóireachta agus measúnóireachta a rinneadh sa chéad leath de 2005, ina raibh os cionn caoga oifigeach sinseartha sna seacht Roinn Rialtais is mó a bhain le hábhar rannpháirteach. Úsáideach eolas sa tuarascáil sin, chomh maith, eolas a tháinig ó na páirtithe sóisialta trí Ghrúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta NAPS, ó dhaoine a bhí in angar na bochtaine iad féin agus ó na ionadaithe, trí Fhóram bliantúil NAPS um Chuimsiú Sóisialta, a reáchtáladh in Eanáir 2005.

Agus an tuarascáil sin á uhlmhú, rinne OSI measúnú ar 58 sprioc sannaithe agus gealltanais sannaithe as NAP/cuimsiú 2003-2005 agus fuair amach go raibh 6 curtha i gcrích cheana féin, 45 idir lámha, le dul chun cinn teoranta nó gan dóthain dul chun cinn i leith na 7 eile.

Tábla: Anailís Achoimreach

Dul chun cinn maidir le spriocanna agus gealltanais	Líon
Curtha i gcrích	6
Idir lámha	45
Dul chun cinn teoranta	4
Gan dóthain cur chun cinn	2
Ní fios	1
IOMLÁN	58

Bhí teorainneacha ama ag baint le deich gcinn agus fiche de na spriocanna/gealltanais sin, agus rinneadh anailís ar an dóchúlacht a bhain lena gcur i gcrích, go fiú laistigh de na teorainneadh ama sannaithe, a thuar go gcríochnófaí 8 in am, a mheas go gcríochnófaí 15 eile, le 2 a measadh nár den dóchúlacht go gcuirfí i gcrích in am iad, agus go raibh 5 eile nár dhócha go gcuirfí i gcrích iad.

Nótáladh sa tuarascáil sin go raibh na leibhéil arda i bhfás eacnamaíochta na hÉireann i ndiaidh a mbláthaithe mar leibhéil arda rannpháirtíochta san fhostaíocht – go háirithe i

measc ban, agus i leibhéil ísle difhostaíochta – go háirithe, dífhostaíocht fhadtréimhseach. Líon fás san inimirce an bhearna a bhí cruthaithe ag imirce neamhdheonach, agus bhí feabhas mór ar chaigheáin mhaireachtana, mar thoradh, ach go háirithe, ar an bhfás i líon na dteaghlach dé-ioncain. Bhí feabhas suntasach ar sheirbhísí i gcoitinne, ach beidh gá le tuilleadh infheistíochta sna blianta atá romhainn chun an bhearna idir sin agus caigheáin i dtíortha forbartha eile a dhúnadh.

Ba iad na daoine ba mhó a bhí i gcontúirt ná teaghlaigh le leanaí, go háirithe tuistí aonair agus teaghlaigh mhóra, daoine faoi mhíchumas agus daoine aosta ina gcónaí ina n-aonar. Aithníodh an lucht siúil, imircigh, mionlaigh eitneacha agus daoine a chónaíonn i gceantair chathracha nó tuaithe mar dhaoine i gcontúirt ar leith.

Mar chuid de phróiseas monatóireachta agus measúnaithe an AE, tar éis do Bhallstáit a dTuarascálacha um Chur i bhFeidhm, bhí cruinniú acu le hoifigigh de chuid Choimisiún an AE chun a dtáil a phlé, sula dtiomsódh an Coimisiún tuarascáil chumasctha.

Seo thíos sliocht as tuarascáil chumasctha an Choimisiúin, ag cur síos ar thuarascáil na hÉireann maidir le cur i bhfeidhm um chuimsiú sóisialta.

ÉIRE

Staid agus príomhthreochtaí: Tá fás leanúnach geilleagrach (GDP +5.4% in 2004) le sonrú ar Éirinn, mar aon le feabhas ar a ráta fostaíochta agus le leibhéil leanúnacha ísle san dífhostaíocht (4.5%) agus sa dífhostaíocht fhadtréimhseach (1.6%). Sa chomhthéacs sin, tá leibhéil neamhghníomhaíochta sách ard (30.5%, rud atá gar do mheánráta an AE), agus tá Éire ag brath níos mó ná riamh ar oibríthe ar imirceoirí iad chun an t-éileamh saothair a shásamh. Fágann an fás suntasach ar ioncam as fostaíocht, go háirithe an fás ar líon na dteaghlach dé-ioncain, go bhfuil an céatadán i gcontúirt na bochtaine (21%) fós mar cheann de na cinn is mó san AE, le daoine aosta, teaghlaigh mhóra agus tuistí aonair sa chontúirt is mó. Léiríonn meánioncam daoine aosta (timpeall 60% den céatadán den daonra idir 0-64) clúdach nach bhfuil thar moladh beirte, maidir le soláthar ioncam-bhunaithe i gcomhair pinsean. Tá fás suntasach tagtha ar an gcaiteachas um chosaint shóisialta i dtéarmaí réadula le blianta beaga anuas, le fás air, chomh maith, mar chuid den GDP – 15% (2001) go 16.5% (2003) (AE 28% i 2003 – sonraí ESSPROS). Tá saolré measta na ndaoine thart ar an meán (75.8 agus 80.7 bliain d'fhair agus do mhná i 2003), mar atá saolré measta sláintiúil na ndaoine (63.4 agus 65.4 d'fhair agus do mhná 2003). Tá iomlán an chaiteachais ar shláinte mar chéatadán den GDP (7.3% i 2002 – i mbunachar sonraí WHO-HFA) faoi bhun an mheáin, agus PPP\$ per capita PPP\$ (2367 i 2002 – i mbunachar sonraí WHO-HFA) os cionn an mheáin.

Cuimsiú sóisialta: Lean Éire den chur síos straitéiseach a leagadh síos i 2003 a leanúint, rud a chuireann sa mheá ilghnéitheacht agus castacht na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta, arb iad an fhostaíocht agus an infhostaíocht is croilár dó, mar aon le feabhas ar na leibhéil sochair agus ar bhealaí rochtana seirbhísí. Tá tuar i dtuarascáil nuashonraithe 2005-06, ar aistriú na béime go dtí bealaí chun déileáil le teaghlaigh neamhfhostaithe (agus leis an neamhghníomhaíocht) sa tuarascáil. Ní ar aon chéim a rinneadh dul chun cinn, maidir le réimse na 35 sprioc a leagadh síos i NAP-05. Ba cheart go gcinnteoidh na méaduithe ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh go mbainfeadh amach an príomhspríoc um thacaíocht ioncain, agus tá dul chun cinn á dhéanamh, chomh maith, maidir leis na spriocanna um an ráta fostaíochta a bhaint amach. Is pictiúr níos measctha a thagann chun cinn, maidir le réimsí eile, mar shampla, sláinte agus oideachas, ach is céimeanna dearfacha chun tosaigh bunú

Fheidhmeannacht na Seirbhís Sláinte agus an plean gnímh um chuimsiú san oideachas a foilsíodh le déanaí (Deiseanna Comhionannais sna Scoileanna a Sholáthar). Maidir le dreamanna leochailleacha, tá dul chun cinn suntasach le sonrú, maidir le daoine faoi mhíchumas, le daoine aosta, taobh le dreamanna eile, an Lucht Siuil, ach go háirithe. Cuireann easnamh sonraí bunlíne srian leis an gcumas tuairiscithe, ach tá iarrachtaí ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh sin. Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh, maidir le tuiscint ar cheisteanna gnéis a mhéadu i measc lucht déanta polasaithe, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun féachaint chuige go dtugtar aird iomlán ar ghné an ghnéis i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm polasaithe.

Na dúshlán atá romhainn:

- > Coinneáil leis an infheistíocht i soláthar seirbhísí, go háirithe maidir le cúram leanaí agus le cúram daoine aosta;
- > Aghaidh a thabhairt ar an gcéatadán mór daoine atá i mbaol bochtaine, agus iad faoi thionchar, ach go háirithe, le blianta beaga anuas, ag an méadú ar fhostaíocht agus ar fhás geilleagrach, rud a léiríonn na míchomhionannais ioncaim, atá i measc na leibhéal is airde san AE;
- > Tacaíocht ioncaim do phinsinéirí a chinntiú, chun nach ndéanfaí eisiámh orthu, i gcomhthéacs ina bhfuil feabhas ag teacht ar an gcaighdeán maireachtana i gcoitinne agus chun clúdach níos leithne a bhaint amach, trí scéimeanna príobháideacha;
- > Feabhas a chur ar chúram sláinte i réimsí áirithe, ar chomhtháthú seirbhísí agus ar chomhordú chun sreabhadh othar níos fearr a bhaint amach.

B. GACH DUINE I bPÁIRT



An Aire, Séamus Brennan, An Fóram um Chuimsiú Sóisialta

An dara Fóram NESF um Chuimsiú Sóisialta

Nuair a réachtáladh an dara Fóram bliantúil um Chuimsiú Sóisialta ar an 26^ú Eanáir, 2005 in san Óspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, bhí timpeall 250 rannpháirtí ann a bhain leis an earnáil deonach, earnáil pobail, an earnáil reachtúil, ionadaithe áitiúla agus bail den NESF. Cuireann an Fóram bliantúil deis ar fáil do dhaoine in angar na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta agus a gcuid ionadaithe a dtuairimí agus a dtaithí a chur in iúl, maidir le cur i bhfeidhm an

Phlean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta (NAP/cuimsiú).

An Dr. Maureen Gaffney, NESD, a bhí ina cathaoirleach ar Fhóram 2005, agus i measc na bpríomhchainteoirí bhí Jerome Vignon, Stiúrthóir na Stiúrtóireachta um Chosaint agus Comhtháthú Sóisialta, Coimisiún an AE, an tOllamh Brian Nolan, ESRI, Gerry Mangan, Stiúrthóir, An Oifig um Chuimsiú Sóisialta agus Robin Hanan, Comhordaitheoir, Craobh na hÉireann den Ghréasán Eorpach in Aghaidh na Bochtaine (EAPN). Bhí an tAire Séamus Brennan ag ollchruinniú an tráthnóna agus ag an seisiún plé painéil, agus thug sé caint an chlabhsúir.



An Fóram um Chuimsiú Sóisialta

Rinne an Oifig um Chuimsiú Sóisialta agus NESF comh-mhaoiniú ar an ócáid agus bhí an dá eagrais sin ag obair go dlúth in éineacht leis an nGréasán Eorpach in Aghaidh na Bochtaine, chun an Fóram a phleanáil agus a eagrú.

Bhí cúig cheardlann ann, a bhí dírithe ar na dreamanna leochailleacha a aithnítear sa Straitéis Náisiúnta in Aghaidh na bochtaine – Daoine Aosta (Seirbhísí Cúraim sa Phobal); Leanaí agus Daoine Óga (Míbhuntáistí san Oideachas); Daoine faoi Mhíchumas (Rochtain ar Oideachas); Mionlaigh (Straitéisí um Chomhtháthú); agus Mná (Déanamh Cinntí agus Rannpháirtíocht). Bhí idir pholasaí náisiúnta agus fhócas áitiúil ag gach ceardlann agus dhírigh siad ar fad go sainiúil ar a chinntiú go bhfaigheadh na rannpháirtithe éisteach.

Cuireadh an tuarascáil um Fhóram 2005 um Chuimsiú Sóisialta, ina bhfuil na príomhathis agus tuarascálacha na gceardlanna faoi bhráid an Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta, agus is féidir cóip di a fháil ón bhFóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta.



Gerry Mangan, Stiúrthóir

C. AN CHÉAD PHLEAN gNÍMH NÁISIÚNTA EILE IN AGHAIDH NA BOCHTAINÉ AGUS AN EISIAIMH SHÓISIALTA Á ULLMHÚ AG ÉIRINN

Cuireadh tús i Meán Fómhair 2005 leis an bpróiseas comhairliúcháin do chéad Phlean Gnímh Náisiúnta eile na hÉireann in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta (NAP/cuimsiú) 2006-2008, le fógraí sna nuachtáin agus sna meáin náisiúnta ag iarraidh ar eagraíochtaí agus ar bhaill den phobal aighneachtaí scríofa a chur isteach, maidir leis na cuspóirí agus na bearta polasaí ginearálta a luafaí sa Phlean. Chuir an OSI treoirínte, maidir le hullmhú aighneachtaí, ar fáil. Úsáideadh suíomh idirlín OSI – www.socialinclusion.ie – chun cuireadh a chur amach, ag iarraidh aighneachtaí.



Seimineár comhairliúcháin don Phlean Gnímh Náisiúnta

81 líon na n-aighneachtaí a tháinig isteach ó dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí. Ó ghréasáin náisiúnta agus ó ghrúpaí deonacha náisiúnta a tháinig an líon is mó (31), agus bhí grúpaí áitiúla, pobail agus réigiúnda sa dara háit (15). Eagraíochtaí poiblí a chuir an líon is mó ina dhiaidh sin (11), ansin údarais áitiúla (6) agus daoine in institiúidí tríú leibhéile (5). Chuir daoine aonair naoi n-aighneacht isteach, tháinig dhá aighneacht ó eagraíochtaí creidimh agus dhá aighneacht ó cheardchumainn.

Tar éis na céime scríofa den phróiseas comhairliúcháin, d’eagraigh an Oifig seacht seimineár réigiúnda i Mí Samhna agus i Mí Nollag 2005 sna háiteanna seo a leanas: Baile Átha Cliath, Ceatharlach, Corcaigh, Luimneach, an Muileann gCearr, Cora Droma Rúisc agus Dun na nGall. Ceapadh na seimineáir go sainiúil chun tabhairt ar dhaoine le taithí dhíreach ar an mbochtaine agus ar an eisiaimh sóisialta a bheith rannpháirteach sa phróiseas um

NAP/cuimsiú, mar aon leis na daoine a bhíonn ag obair leo. 512 líon na ndaoine ar fud na tíre a d’fhreastal ar na seimineáir.



Seimineár comhairliúcháin don Phlean Gnímh Náisiúnta

Lorgaíodh sna seimineáir tuairimí na rannpháirtithe, maidir le cur i bhfeidhm áitiúil, réigiúnda agus náisiúnta polasaithe agus bearta faoi NAP/cuimsiú agus eagraíodh iad i bhformáid ceardlanna iad chun teacht ar a gcuid tuairimí, maidir le cur i bhfeidhm an phlean reatha agus le cé chomh maith is a d’éirigh leis. Ar na réimsí polasaithe a clúdaíodh bhí fostaíocht, oideachas agus oiliúint, sláinte

agus curam, tacaíochtaí tithíochta agus ioncain. D’fhéach na seimineáir, chomh maith. Le gnéithe uirbeacha agus tuaithe na bochtaine a fhiosrú agus ceisteanna inscne.

Iarradh ar rannpháirithe a machnamh a dhéanamh ar phríomhcheisteanna áirithe –

- > Féachaint cé na polasaithe a d'oibrigh
- > Féachaint cé na polasaithe agus na bearta nár oibrigh/arbh fhéidir a bhfeabhsú
- > Moltaí leasaithe a mholadh, maidir le polasaithe/bearta
- > Tosaíochtaí a aithint, maidir le hathruithe

Scríobh Sinéad Riordan, Insititiúid Polasaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tuarascáil ar an dá chéim sa phróiseas comhairliúcháin a ullmhú. Bhí an tuarascáil sin tábhachtach, mar fhoinsé eolais don 3^ú Fóram NAPS um Chuimsiú Sóisialta a reáchtáladh san Óspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, ar an 15^ú Feabhra 2006 agus bhí fáil ar an tuarascáil sin, chomh maith ag na cainteanna um Páirtíocht Shóisialta ar cuireadh tús leo níos déanaí an mhí chéanna. Is féidir cóipeanna den tuarascáil a fháil ón Oifig agus ar líne ag www.socialinclusion.ie

D. AN SCÉAL A SCAIPEADH

Straitéis Cumarsáide OSI



An Aire, Séamus Brennan

Ní gnó don Stát amháin é dul i gcomhrac leis an mbochtaine, ach don tsochaí i gcoitinne. Ar an ábhar sin, aithnítear sa Phlean Gnímh Náisiúnta in aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta (NAP/cuimsiú) a riachtanaí is atá cumarsáid éifeachtach leanúnach maidir le treochtaí agus le dúshláin a bhaineann leis an mbochtaine agus leis an bpróiseas leanúnach chun dul i ngleic léi, laistigh den Rialtas agus idir an Rialtas agus an lucht leasmhara ar fad.

Ba ghné thábhachtach den obair a rinne OSI le linn 2005 straitéis cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Agus a straitéis cumarsáide á forbairt ag an OSI, aithníodh réimse leathan lucht leasmhara le díriú orthu. Ina measc, tá:

- > Baill an Choiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta ;
- > Ranna Rialtais;
- > Na Páirtithe Sóisialta, earnáil an phobail agus an earnáil deonach;
- > Daoine i mbochtaine agus dreamanna leochailleacha eile;
- > Eagrais AE agus idirnáisiúnta;
- > Taighde agus pobail acadúla.

An cuspóir atá leis an straitéis cumarsáide

A chur ar fáil:

- > Eolas maidir le treochtaí agus le dúshláin a bhaineann le bochtaine;
- > Tuisicint rí-shoiléir ar an ról atá ag an Oifig um Chuimsiú Sóisialta, laistigh den earnáil phoiblí agus ag an lucht leasmhara is tábhachtaí, daoine san angar ag bochtaine agus ag eisiaimh sóisialta agus an tsochaí i gcoitinne san áireamh;
- > Feasacht níos mó agus níos mó eolais, go háirithe i measc na mbocht, maidir leis an NAP/cuimsiú a bheith ann, agus na coinníollacha a bhaineann leis, san earnáil phoiblí agus in eagraíochtaí neamhstáit.

Na teachtaireachtaí atá le scaipeadh

Agus an straitéis cumarsáide á forbairt, glacadh cinneadh díriú ar líon srianta príomhtheachtaireachtaí, mar seo a leanas:

- An ról atá ag an OSI agus a cuid freagrachtaí, mar an oifig laistigh den Rialtas ar a leagtar gnóthaí a bhaineann le NAP/cuimsiú a chomhordú agus a thiomáint;
- Gealltanas na dtíortha san AE, Éire san áireamh, dul i gcion go mór ar an mbochtaine faoi 2010;
- An próiseas um NAP/cuimsiú, mar áis chun an gealltanas sin a sheachadadh trí na cuspóirí, na spriocanna agus na scálaí ama is tábhachtaí a leagadh síos agus a chur i gcrích;
- An fhreagracht atá ar Ranna Rialtais ar leith, maidir le NAP/cuimsiú a chur i gcrích;
- Nuashonrú leanúnach ar na príomhnithe a baineadh amach sa phróiseas go dtí seo;
- A thábhachtaí is atá comhairliúchán le lucht leasmhara, maidir le NAP/cuimsiú a chur i gcrích;
- Feasacht níos fearr, maidir le conas a bhíonn an NAP/cuimsiú ag teacht le próisis eile, idir phróisis náisiúnta agus phróisis áitiúla.

An Straitéis Cumarsáide á cur i bhfeidhm

Rinneadh suíomh idirlín OSI – www.socialinclusion.ie a fhorbairt, agus sheol an tAire é ag deireadh 2004. Sa dá mhí dhéag ó dháta a sheolta, baineadh leas leathan as an suíomh (thar 300,000 buille), arna fhorbairt go suntasach ag freagairt do bhéim níos mó ar an gcuimsiú sóisialta in Éirinn, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnda agus ar an leibhéal áitiúil. Tá réimse leathan nasc ann, le heagraíochtaí agus le comhlachtaí in Éirinn agus thar lear, agus tá



aitheantas bainte amach aige mar acmhainn luachmhar agus mar uirlis thábhacht cumarsáide chun cur leis an bhfeasacht faoi conas a chuireann Éire a straitéis in aghaidh na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta i bhfeidhm.

Mar ghné eile den straitéis cumarsáide a cuireadh chun cinn i 2005, rinneadh branda so-aitheanta don Oifig um Chuimsiú Sóisialta a fhorbairt, lógó, ceann litreach, cúlbhrait do sheastáin eolais le húsáid ag seimineáir, srl., san áireamh.

Rudaí eile a chuir deiseanna luachmhara cumarsáide ar fáil idir OSI agus an lucht leasmhara ba thábhachtaí a bhí i dtreisiú na ngnás um monatóireacht agus measúnú, ag obair i gcomhar le húinéirí polasaí sna ranna rialtais ba thábhachtaí, mar aon le cruinnithe ó uair go chéile le struchtúití institiúideacha NAPS, mar shampla, an Fóram um Chuimsiú Sóisialta (daoine in angar na bochtaine agus a gcuid ionadaithe san áireamh), an Grúpa Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta (na páirtithe sóisialta san áireamh).

E. TAIGHDE/SONRAÍ

Straitéis Sonraí OSI

Tá forbairt straitéis sonraí ar cheann de na feidhmeanna tacaíochta is tábhachtaí a leagtar de chúram ar an OSI. Is é is cuspóir don straitéis sin, féachaint chuige go mbíonn na sonraí riachtanacha ar fáil in am trátha, chun críocha a bhaineann le monatóireacht, le measúnú, le socrú tosaíochtaí agus spriocanna, agus le polasaithe um NAP/cuimsiú i gcoitinne a fhorbairt. Déanann an OSI an próiseas sin a chomhordú le cabhair ón nGrúpa Comhairleach Teicniúil (TAG), ar a bhfuil iondaithe le Ranna Rialtais a bhaineann le hábhar, leis an Lárionad Staidrimh (CSO), le Comhrac na Bochtaine (CPA), leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus leis an Údarás Comhionannais. Tá an OSI ag iarraidh gníomhú i gcomhar a fhorbairt, idir a cuid oibre féin agus obair ghaolmhar ar siúl tríd an nGrúpa Stiúrtha um Staitisticí Sóisialta agus Comhionannais, forbairt straitéisí sonraí ranna san áireamh.

Bhí obair 2005 dírithe go príomha ar na nithe seo a leanas:

- Bearnaí sna sonraí a aithint agus a líonadh, mar chabhair chun spriocanna a shocrú agus dul chun cinn a mheas faoin bpróiseas um NAP/cuimsiú ; agus
- Athbhreithniú ar an modh a úsáidtear sa NAP/cuimsiú chun an bhochtaine a mheas.

Bearnaí sna Sonraí

Mar chuid den obair a bhain le tuarascáil na hÉireann chun an AE i Meitheamh 2005, maidir le NAP/cuimsiú 2003-05 a chur i bhfeidhm, chuaigh an OSI i dteagmháil le Ranna Rialtais, chun déileáil le ceisteanna bhaineann le sonraí a bheith ar fáil, i gcomhthéacs na gcuspoirí agus na spriocanna sa phlean reatha agus i NAP/cuimsiú 2006-2008. Trí mheán na teagmhála sin, leagadh méar ar limistéir áirithe ina bhfuil easnamh sonraí i gcónaí. Ar na tosaíochtaí a socraíodh don obair a bhain le plan nua a ullmhú, caithfear féachaint chuige go mbíonn socrú curtha in áit, mar leigheas ar na heasnaimh sin agus chun fuílleach na mbearnaí sna sonraí a líonadh.

An Bhochtaine a Mheas

Ar iarratas ón gCoiste Comhairleachta um Chuimsiú Sóisialta, rinne OSI athbhreithniú ar na modhanna ina ndéantar an bhochtaine a mheas i 2005, le cabhair an TAG. Reáchtáladh seimineár náisiúnta i Meán Fómhair 2005, mar chuid den athbhreithniú sin, inar tugadh aghaidh ar dhá phríomhcheist:

- (i) an bonn a bhíonn in úsáid chun an bhuanbhochtaine a mheas; agus
- (ii) an coincheap a bhaineann le cur chuige srathach a ghlacadh um an mbochtaine, seachas a bheith ag brath ar aon tslat tomhais amháin.

Bhí an tuairimíocht sin bunaithe, den chuid is mó, ar anailís a rinne an ESRI. Bhí réimse leathan lucht leasmhara i láthair ag an seimineár, ina measc lucht déanta polasaithe i Ranna Rialtais, na páirtithe sóisialta, ionadaithe pobail agus eagraíochtaí deonacha agus saineolaithe eile as Éirinn agus as tíortha eile.

Tugadh tuarascálacha faoi thorthaí na hoibre um an mbochtaine a mheas don Ghrúpa Oifigeach Sinseartha um Chuimsiú Sóisialta ags don Choiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta, mar bhonn eolais do chur chuige amach anseo.

Torthaí AE-SILC

In Eanáir 2005, foilsíodh torthaí tosaigh an AE-SILC nua (Suirbhé um Ioncam agus Cúinsí Maireachtana) don bhliain 2003. I ngeall ar na héagsúlachtaí idir modhanna an tsuirbhé nua agus an LIIS (Suirbhé um Maireachtaint in Éirinn) a chuaigh roimis agus a reáchtáladh i dtreimhsí rialta idir 1994 agus 2001, níorbh fhéidir torthaí an dá shuirbhí a chur i gcomparáid go díreach lena chéile, maidir leis an mbochtaine a mheas, go háirithe an bhuanbhochtaine. Thug tús an tsuirbhé nua spreagadh ur don obair um bochtaine a mheas a bhíonn ar siúl ag an OSI. Foilsíodh torthaí AE-SILC na bliana 2004, mar aon le torthaí leasaithe 2003, i ndeireadh na bliana 2005. Léirigh na torthaí titim sa bhuanbhochtaine go dtí 6.8% i 2004 agus laghdú beag sa leibhéal 'i mbaol na bochtaine' go 19.4%.

Fo-Ghrúoa Táscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta

Tá ionadaithe ag OSI i bhFo-Ghrúpa Táscairí (ISG) an Choiste um Chosaint Shóisialta san AE. Bíonn an ISG freagrach as táscairí AE a fhorbairt, maidir leis an mbochtaine agus leis an eisiámh sóisialta, mar chuid den Modh Oscailte Comhordaithe, a chabhraíonn le Ballstáit comhoibriú lena chéile, ar pholaithe um chosaint shóisialta agus eisiámh sóisialta. Bhain iad na príomhréimsí ina raibh táscairí le forbairt le gaistí bochtaine sna córais chosanta a aithint agus an cheist a bhaint le 'tabhairt ar an obair íoc'. I 2006, scrúdóidh an grúpa táscairí gátair i gcoitinne, bunaithe ar an tsuirbhé AE-SILC.

F. CUIMSIÚ SÓISIALTA Á CHUR I LÁR AN AONAIGH – CUIMSIÚ SÓISIALTA Á CHOINNEÁIL AR AN gCLÁR OIBRE POLASAÍ

Athbhreithniú ar Threoirlínte um Thionchar na Bochtaine in Éirinn (PIA)

Déantar Measúnú ar Thionchar na Bochtaine a mhíniú ar an dóigh seo –

“an próiseas trína ndéanann ranna rialtais, udaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit polasaithe agus cláir a mheas le linn a ndeartha, a gcur i bhfeidhm agus a n-athbhreithniú, maidir leis an tionchar is dóichí a bhí nó a bheidh acu ar an mbochtaine agus ar an easpa comhionannais as a n-eascaíonn bochtaine, d’fhonn an bhochtaine a laghdú”.

Tugadh promhadh in aghaidh na bochtaine, mar a thagraíte don Measúnú ar Thionchar na Bochtaine tráth, isteach i 1998, mar thoradh ar ghealltanas sa chéad Straitéis Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine. Ón am sin amach, bhí sé mar choinníoll i Lámhleabhar na Comhaireachta um thograí suntasacha pollasaí, go mbeadh “léiriú soiléir ar thionchar an togra ar dhreamanna bochta agus ar dhreamanna i mbaol dul i mbochtaine”. Scaipeadh treoirlínte i 1999 chun cabhrú le ranna rialtais bearta um promhadh bochtaine a chur i gcrích.

Rinne an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (NESC) athbhreithniú ar an bpróiseas um promhadh in aghaidh na bochtaine i 2001, agus mhol leasuithe áirithe ina leith.

Le linn 2005, rinne OSI athbhreithniú dá cuid féin, ina gcuirtear san áireamh taithí daoine as na treoirlínte sin a chur ag obair. Mar chuid den athbhreithniú sin, iarradh tuairimí réimsí leathana eagraíochtaí, ina measc, na páirtithe sóisialta, ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, earnáil an phobail agus an earnáil deonach. 29 líon na n-aighneachtaí a tháinig isteach.

Tá OSI tar éis treoirlínte nua um Measúnú ar Thionchar na Bochtaine a fhorbairt, bunaithe ar an bpróiseas comhairliúcháin sin agus ar an athbhreithniú a bhí déanta cheana ag an NESC. Tríd an athrú ainm ó phromhadh bochtaine go Measúnú ar Thionchar na Bochtaine, féachtar le cur in iúl go soiléir gur cheart go mbeadh measúnú ar thionchar polasaithe ar an mbochtaine ina dhlúthchuid de phríomhshruthú an phróisis um polasaí a chruthú, seachas mar rud nach bhfuil ann ach breascrúdú a tharlaíonn tar éis glacadh le polasaí.

Rinneadh na treoirlínte a threisiú go mór trí áis scagtha a tugadh isteach mar chabhair chun na polasaithe ar theastaigh measúnú iomlán tionchair ina leith a aithint. Tá comhairliúchán curtha leis an bpróiseas anois, mar rud riachtanach, mar aon le monatóireacht ar thionchar an pholasaí. Tá ceangal ar gach Roinn achoimre ar gach PIA (Measúnú ar Thionchar Polasaí) a chur chuig OSI.

Cuireadh na treoirlínte leasaithe i láthair ag seimineár náisiúnta a d’eagraigh OSI ar an 20^ú Deireadh Fómhair 2005, áit ar phléigh lucht déanta cinntí agus lucht leasmhara tábhachtacha eile lena chéile iad. Bhí níos mó ná 40 ionadaí ó réimse leathan eagraíochtaí i láthair ag an seimineár sin. Fuarthas aiseolas luachmhar ag an seimineár agus rinneadh leasuithe áirithe ar na treoirlínte dá bharr.

Déanfar na treoirlínte nua a leathnú amach le linn 2006 go dtí ranna rialtais, agus is féidir iad a leasú, mar is cuí, de réir taithí de bharr a gcur i bhfeidhm. Cuirfear oiliúint ar fáil, chomh maith, do lucht déanta polasaithe, maidir le conas na treoirlínte a úsáid. Tar éis na céime tosaigh sin, déanfar úsáid na dtreoirlínte a leathnú ar fud na seirbhíse poiblí i gcoitinne. Tá fáil ar na treoirlínte i láthair na huaire ar shuíomh idirlíne OSI www.socialinclusion.ie

G. CUIMSIU SÓISIALTA – CEIST DO PHÁIRTÍOCHT NÁISIÚNTA

Spríoc NAPS maidir le Bochtaine Leanaí

Is spríoc thábhachtach den NAPS leasaithe, Sochaí Chuimsitheach á Tógáil, obair mhór a dhéanamh chun an bhuanbhochtaine i measc leanaí a laghdu agus chun deireadh a chur léi.

Scaoil an Lároifig Staidrimh na staitisticí is déanaí faoi rátaí bochtaine amach ar an 12 Mí na Nollag 2005. Léiríonn torthaí 9.5% den daonra faoi aois 15 a bheith i mbuanbhochtaine. Scaoil an LOS figiúirí leasaithe amach do 2003, chomh maith, a léiríonn ráta buanbhochtaine 12.2%. i measc daoine idir 0-14 bliain d'aois. Roimh am SILC-AE, ba é an Suirbhé um Maireachtaint in Éirinn (LIIS), a rinne an ESRI idir 1994 agus 2001 an phríomhfhoinsé do shonraí um bochtaine. Léirigh na torthaí i Suirbhé um Maireachtaint in Éirinn (LIIS) go raibh 6.5% dár leanaí ag maireachtaint faoi bhuanbhochtaine, figiúr ar ar tháinig titim leanúnach ó 15.3% i 1997. I ngeall ar na difríochtaí i modhanna oibre idir an LIIS agus SILC- AE, tá an LOS agus an ESRI ar aon i ndiaidh a dhearbhu nach féidir tátal ar bith a bhaint as sin, maidir le hathruithe ar an mbuanbhochtaine idir 2001 agus 2003.

Tionscnamh Speisialta faoi Ag Coinneáil Den Dul Chun Cinn chun Deireadh a chur le Bochtaine Leanaí

Thug Comhaontú Páirtíochta Ag Coinneáil den Dul chun Cinn deich dtionscnamh speisialta isteach lena gcur chun cinn le linn a ré saoil, agus an bhéim á cur ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann le polasaí geilleagrach agus sóisialta. Agus é mar spríoc thábhachtach sa Phlean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta an bhuanbhochtaine i measc leanaí a laghdú go suntasach agus obair a dhéanamh chun deireadh a chur léi mar chomhthéacs na hoibre, tugadh ceannas don OSI, maidir le freagracht as comhordú a dhéanamh ar an Tionscnamh chun Deireadh a chur le Bochtaine Leanaí.

Rinne an OSI obair go dlúth i bpáirt le hOifig Náisiúnta na Leanaí, le Ranna Rialtais a bhaineann le hábhar, leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine agus leis na comhpháirtithe sóisialta, maidir le polasaí ilghnéitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, mar fhreagra ar an gceist sin. Ba iad na príomhghníomhartha a cuireadh chun cinn i 2005 faoin Tionscnamh sin ná -

Athbhreithniú ar Bhacanna Fostaíochta Tuistí Aonair

Chuir an Coiste Comhairleachta um Chuimsiú Sóisialta (CCSI) Grúpa Oibre ar bun, le hionadaithe ann ó Roinn an Taoisigh, ón Roinn Airgeadais agus ón Oifig um Chuimsiú Sóisialta, chun na bacanna fostaíochta a bhíonn ag cur isteach ar thuistí aonair a fhiosrú – mar dhream daoine a aithníodh mar dhream i mbaol ar leith, maidir le bochtaine agus le heisiamh sóisialta, go háirithe na tuistí aonair sin a mbíonn an íocaíocht do Theaghlaigh Aonair á fáil acu. Ag obair go comhthreomhar le hobair an Ghrúpa, agus mar aitheantas ar a thábhachtaí is atá tacaíochtaí ioncaim do thuistí aonair, chuaigh OSI i gcathaoirleacht ar athbhreithniú faoin Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an íocaíocht do Theaghlaigh Aonair – arb í príomhthacaíocht na Roinne í, maidir le tuistí aonair – le linn 2005. Coinníodh an CCSI ar an eolas, maidir le dul chun cinn an dá ghrúpa agus thoiligh a dtuarascálacha a fhoilsiú, agus próiseas foirmeálta comhairliúcháin a chur ar bun le lucht leasmhara, rud a tharlóidh in Aibreán 2006.

Athbheithniú na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (NESC) ar Thacaíochtaí Ioncaim Leanaí

Tá scrúdú mion á dhéanamh ag NESC ar na socruithe atá ann, maidir le tacaíocht ioncaim leanaí, le béim ar an Liúntas Forlíonta Teaghlaigh agus ar na Liúntais do Chleithiúnaí Linbh. Tá obair sin an NESC dírithe ar fhéachaint conas ab fhéidir na híocaíochtaí sin a chumas lena chéile chun foinse neamhbhearnaithe a sholáthair do theaghlaigh ar bheagán ioncaim, mar thacaíocht ioncaim do leanaí.

Straitéis Teaghlaigh a Fhorbairt

Leanadh den obair le linn 2005, maidir le próiseas straitéiseach a fhorbairt chun teaghlaigh a threisiú. Tá an obair sin idir lámha ag an Aonad Gnóthaí Teaghlaigh sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, i gcomhar leis an OSI. Tá moill ar chur i gcrích na hoibre sin, ag feitheamh leis an tuarascáil um an Teaghlach atá á réiteach ag an gCoiste Oireachtas, maidir lena chomhdhéanamh agus le tuarascálacha ó Choimisiún an AE agus ó Chomhairle na hEorpach. Soláthróidh an tAonad Gnóthaí Teaghlaigh, i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta Leanaí, tacaíocht agus cabhair riaracháin don Staidéar Fadtréimhseach Leanaí. Tá an staidéar sin ar an gceann is tábhachtaí dá shórt i bPoblacht na hÉireann, go háirithe maidir lena chostas, a scóip agus an fhaid a mhairfidh sé, mar staidéar. Táthar ag súil le 10,000 naíonán agus 8,000 leanbh naoi mbliain d'aois a earcú mar rannpháirtithe sa staidéar. Is é cuspóir an staidéir na cúinsí a chuireann le agus a bhaineann de leas leanaí i dteaghlaigh Éireannacha na linne seo, agus cabhrú le polasaithe éifeachtacha oiriúnacha a shocrú, maidir le leanaí agus le dearadh seirbhísí do leanaí agus dá dteaghlaigh. Aithníodh comhghuallaíocht den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus Coláiste na Tríonóide mar an lucht tairisceana ab fhearr chun an Staidéir. Cuireadh cainteanna i dtaobh an chonartha i gcrích i 2006, maidir leis an gcéad chéim den staidéar, a bhfuiltear ag súil lena leanúint ar feadh seacht mbliain, agus súil le tús a chur leis an staidéar ina leith díreach ina dhiaidh sin.

An Grúpa Ardleibhéil um Chúram agus Oideachas do Leanaí Óga

Tá ionadaíocht ag OSI ar an nGrúpa Ardleibhéil um Chúram agus Oideachas do Leanaí Óga, a bhfuil an Oifig Náisiúnta Leanaí mar chathaoileach air. Bunaíodh an Grúpa Ardleibhéil chun polasaí náisiúnta comtháite um chúram agus oideachas do leanaí óga a mholadh, a mbeidh de thoradh air go ndéanfar comhordú níos fearr ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, agus ina nglacfar mar chur chuige leanaí a bheith ag croilár na oibre agus seirbhísí á soláthar. In Aibreán agus in Iúil 2005, d'ullmhaigh an Grúpa dhá thuarascáil eatramhacha don Choiste Comhaireachta um Leanaí, le Páipéar Roghanna ar a lorg sin, a chuireadh faoi bhráid an Choiste Comhaireachta ag tús Mhí Dheireadh Fómhair. Mar chuid de Cháinainéis 2006, d'fhógair an Rialtas pacáiste nua um chúram leanaí, bunaithe ar phlé an Ghrúpa Ardleibhéil. Tá straitéis chúig bliain ina cuid den phacáiste sin, chun líon na n-ionad do chúram leanaí a mhéadú agus chun cabhrú le tuistí a gcostais sin a ghlanadh.

H. CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Tá cur chun cinn an chuimsithe shóisialta ar cheann de na ceithre phríomhchuspóir náisiúnta sa Phlean Forbartha Náisiúnta, a chuimsíonn an tréimhse 2000-2006. Aithnítear é mar théamtha trasghearrtha le cur san áireamh i ngach cuid den Phlean. Chun críocha an NDP, déantar an cuimsiú sóisialta a shainmhíniú (mar a dhéantar sa chomhaontú náisiúnta um Páirtíocht 2000) mar 'imeallú breisitheach a dhealaíonn daoine ón táirgiú (fostaíocht), ón tomhaltú (bochtaine) agus ó ghréasáin shóisialta (pobal, teaghlach, comharsana), ón gcóras faoina ndéantar cinní agus ó cháilíocht leordhóthaineach maireachtana)'.

Faoin NDP reatha, tá isteach agus imeach le €19 billiún (36 % den chiste iomlán NDP) á chaitheamh ar bhearta díreacha um chuimsiú sóisialta le linn na tréimhse. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh tionchar indíreach ag bearta agus ag gníomhartha eile laistigh den NDP ar an mbochtaine agus ar an eisiámh sóisialta.

Tá tionchar mór ag an NDP, sa tslí ina gcabhraítear le cuid mhór de spriocanna NAP/cuimsiú a bhaint amach, i ngeall ar an gcaiteachas díreach ar bhearta um chuimsiú sóisialta agus na buntáistí indíreacha a bhaineann le bearta eile gan sonrú, a bhaineann le cuimsiú sóisialta. Tá infheistíocht nach beag déanta anois, maidir le soláthar tithíochta inacmhainnithe, le hinfeistíocht caipitil sna seirbhísí sláinte, i mbearta dírithe ar an míbhuntáiste san oideachas, ar chúram leanaí, ar fhorbairt pobal agus ar fhorbairt áitiúil.

Tá ionadaíocht ag an Oifig um Chuimsiú Sóisialta ar Choistí Monatóireachta na gClár Oibriúcháin an dá réigiún, ar an gClár Oibriúcháin um Bonneagar Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESIOP), ar an gClár Oibriúcháin um Fhostaíocht agus Forbairt Acmhainní Daonna (EHRDOP), chomh maith le hollchoiste monatóireachta NDP. Bíonn an bhéim á diriú i gcónaí ag OSI sna coistí sin ar an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn mar phrionsabal cothrománach, ar mhonatóireacht a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann leis an gcuimsiú sóisialta agus ar a gcur chun cinn.

Táthar ag ullmhú cheana féin don chéad NDP eile, a chlúdóidh an tréimhse 2007-2013. Tá an Oifig um Chuimsiú Sóisialta mar ionadaí ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh sa Ghrúpa Ardleibhéil a cuireadh ar bun chun an chéad NDP eile a fhorbairt. Beidh baint ag an OSI le gnéithe cuimsithe shóisialta an Phlean a fhorbairt, chomh maith le faisnéis a chur isteach i dtogair le haghaidh clár.

I. AG CUR LEIS AN nGNÉ ÁITIÚIL/RÉIGIÚNDA DEN CHUIMSIÚ SÓISIALTA

OSI agus Gréasán Foghlamtha Frithbhochtaine Rialtais Áitiúil

Chuir Comhrac na Bochtaine an Gréasán Foghlamtha Frithbhochtaine Rialtais Áitiúil ar bun i ndeireadh na bliana 2000, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus an tAonad Náisiúnta Frithbhochtaine, mar a bhí (ar a dtugtar anois an Oifig um Chuimsiú Sóisialta).

Déanann an gréasán foghlamtha fócas láidir frithbhochtaine a chur chun cinn, agus tacu leis sin laistigh de chóras leasaithe rialtais áitiúil. Cuireann sé fóram ar fáil inar féidir le húdaráis a dtaithí agus a ndea-chleachtas a roinnt i gcoitinne agus plé a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun cur le polasaithe in aghaidh na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta. Tugann an gréasán tacaíocht, chomh maith, do na húdaráis áitiúla, maidir le fócas láidir frithbhochtaine a shníomh isteach ina gcuid oibre.

Rinne comhairleoirí neamhspleácha, arna gcoimisiúnú ag an CPA, athbhreithniú i 2004 chun éifeacht an ghreasáin a mheas agus moltaí a dhéanamh maidir lena fhorbairt amach anseo. Dá thoradh sin, glacadh cinneadh go leanfaidh sé ar aghaidh, ach i bhformáid beagáinín leasaithe. Cuireadh grúpa nua stiúrtha ar bun, faoi chathaoirleacht ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, a chumsíonn ionadaithe leis an hOSI, le Comhrac na Bochtaine, leis an mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMSB) agus leis an Institiúid Riaracháin Phoiblí. Is é an ról atá ag an nGrúpa, maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an ghreasáin agus na bealaí eile inar féidir cuimsiú sóisialta a chur chun cinn sna húdaráis áitiúla a chur chun cinn.

Le linn 2005, rinne an OSI forbairt ar an gcuid sin dá suíomh idirlín a dhíríonn go sainiúil ar an gcuimsiú sóisialta, rud ar féidir le húdaráis áitiúla leas a bhaint as chun forbairtí agus imeachtaí a bhaineann le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Bíonn an OSI ag obair, chomh maith, le Comhrac na Bochtaine agus leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, mar chuid de ghrúpa stiúrtha atá i mbun áiseanna a mheasúnú, maidir le straitéisí frithbhochtaine náisiúnta agus áitiúla.

OSI ag tacú le hObair um Chuimsiú Sóisialta agus in Aghaidh na Bochtaine in Earnáil na Sláinte

Lean an Oifig um Chuimsiú Sóisialta dá cuid oibre i 2005, chun tacú le hobair a bhaineann leis an gcuimsiú sóisialta in Earnáil na Sláinte trína ballraíocht i Meitheal Pleanála NAPS agus an Togra Sláinte. Chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí, i gcomhar leis an meitheal sin, bileog eolais amach, ag cur NAPS agus na seirbhísí sláinte chun cinn. Leagtar amach go ríshoiléir san acmhainn sin, cad is brí le NAPS agus tábhacht NAPS do na seirbhísí sláinte, mar aon le spriocanna reatha sláinte NAPS agus forbairtí molta. Foilsíodh an bhileog eolais sin i 2005.

Cuireann grúpa oibre Sláinte NAPS breis eolais ar fáil, mar chabhair chun polasaí um chuimsiú a fhorbairt laistigh den Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá ról gníomhach ag OSI sa ghrúpa sin, agus tá ionadaithe aici, chomh maith ar phéire den trí fhochoisti (Easpa Comhionannais i Sláinte Leanaí agus Taighde), a bhunaigh an grúpa sin.

J. AN COMHTHÉACS AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Comhoibriú ar leibhéal an AE – an Modh Oscailte Comhordaithe

Ag cruinniú i Lisboa i 2000, ghlac Cinnirí Stát agus Rialtas Bhallstáit an AE (Comhairle na hEorpa) mar sprioc an “an geilleagar dinimiceach faisnéis-bhunaithe is fearr san iomaíocht dhomhanda a dhéanamh den Eoraip, in ann coinneáil den fhás inbhuanaithe geilleagrach le fostaíocht níos mó agus níos fearr, mar aon le comhtháthú sóisialta níos fearr”. Bainteach leis an sprioc sin bhí gealltanas “dul i gcion go mór ar an mbochtaine” faoi 2010.

Mar chabhair chun soláthar comhordaithe tacaíochta a chur ar fáil do na Ballstáit i ngrúpaí oibre maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach, cruthaíodh córas ar a dtugtar an Modh Oscailte Comhordaithe (OMC). Baineann sé sin, go príomha, le faisnéis, taithí, saineolas agus dea-chleachtais i roinnt i gcoitinne, chun déileáil le dúshláin i gcoitinne a bhaineann le cúrsaí sóisialta. Baineann an córas sin leis an gcur chuige straitéiseach atá á ghlacadh ag na Ballstáit ar fad, chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaine agus ar an eisiámh sóisialta, agus chun an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Bunaíodh Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC), ar a bhfuil ionadaithe ag na Ballstáit ar fad agus ag Coimisiún na hEorpa, chun cur i bhfeidhm an OMC a chomhordú, maidir le cosaint shóisialta agus le cuimsiú sóisialta. Cuimsíonn sé comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas um NAP/cuimsiú, trína bhforbraíonn Ballstáit Pleananna Náisiúnta Gnímh in aghaidh na bochtaine agus an eisiámh shóisialta. Cuimsíonn an creat comhaontaithe do na pleananna sin anailís ar dhúshláin agus ar threochtaí a bhaineann le hábhar, ar chuspóirí comhaontaithe i gcoitinne, ar straitéis chun na cuspóirí sin a chur i gcrích, sraith polasaithe agus clár chun an straitéis a chur i bhfeidhm, le spriocanna, nuair is cuí, maidir leis an dul chun cinn atá le baint amach agus sraith táscairí i gcoitinne mar chabhair chun an dul chun cinn a thomhas agus a mheasúnú. Déantar athbhreithniú ag lucht comhghairme a chur i gcrích, maidir le pleananna Ballstát eile, le hathbhreithniú mionsonraithe ag Coimisiún na hEorpa, agus déantar a thoradh sin a fhoilsiú i gComhthuarascáil um Chuimsiú, a chuirtear faoi bhráid Chomhairle na nAirí agus faoi bhráid Chomhairle na hEorpach. Tá ceangal ar na Ballstáit tuarascáil ar an dul chun cinn a chur ar fáil gach bliain, le tuarascáil mar mheasúnú deiridh do bhliain deiridh an phlean.

In éineacht le Ballstáit eile, chuir Éire tuarascáil ar fáil i 2005, ina ndéantar measúnú ar chur i bhfeidhm pleananna 2003-05. Scrúdaigh Coimisiún na hEorpa agus an SPC na tuarascálacha sin. Cuireadh torthaí an scrúdúcháin sin isteach i gcomhthuarascáil 2006 um chosaint shóisialta agus eisiámh sóisialta, a cuireadh faoi bhráid Chomhairle na nAirí agus Chomhairle na hEorpa ina dhiaidh sin.

Ghlac an Oifig um Chuimsiú Sóisialta páirt ghníomhach i 2005 on obair thuasluaite an SPC agus in obair an fhoghrúpa atá freagrach as forbairt táscairí um chuimsiú sóisialta. Bhí an OSI bainteach, chomh maith, i measúnú SPC an OMC, moltaí chun an próiseas a shruthlíniú san áireamh.

Chomh maith le sin, tá an OSI ina hionadaí ar son na hÉireann ar an gCoiste um Chlár Gnímh Pobail um Eisiámh Sóisialta 2002-2006 (SEP). Cruthaíodh an SEP chun comhoibriú a chothú i measc Ballstát ar bhealach réadúil, trí pháirtmhaoiniú a chur ar fáil do réimse gníomhartha. Áirítear ina measc sin: taighde agus anailís um an mbochtaine agus an eisiámh sóisialta; gréasánú ar leibhéal AE; comhoibriú agus malartú maidir le dea-chleachtais, trí Thionscadail um Malartú Trasnáisiúnta (TEP) agus seimineár a bhaineann le hAthbhreithniú Lucht

Comhghairme. Tá páirtithe Éireannach ina mbaill de scata TEP agus bhí Éire rannpháirteach i roinnt athbhreithnith ag lucht comhghairme le linn 2005.

Comhairle na Breataine agus na hÉireann

Bunaíodh Comhairle na Breataine agus na hÉireann (BIC) faoi Chomhaontú Bhéal Feirste, agus oibríonn mar fhóram inar féidir leis na Baili Riaracháin' dul i gcomhairle lena chéile agus faisnéis a mhalartú, mar mhaithe le comhoibriú, maidir le ceisteanna ar suim leis an dá iad. Ceist den chineál sin is ea an cuimsiú sóisialta, agus déanann an Oifig um Chuimsiú Sóisialta comhordú ar chuid na hÉireann den obair áirithe sin. Go dtí seo, leagadh béim na hoibre ar dhá shainréimse oibre, mar atá, eisiámh airgeadais agus rochtain ar fhostaíocht agus ar oiliúint do dhaoine faoi mhíchumas. Glacadh leis an dá thuarascáil sin ag cruinnithe aireachta BIC agus tá fáil anois orthu ar shuíomh idirlín BIC, www.britishirishcouncil.org.

Comhairle na hEorpa

Tá an Oifig um Chuimsiú Sóisialta ina hionadaí ar son na hÉireann ar an gCoiste Eorpach um Chuimsiú Sóisialta, a cuireadh ar bun tar éis Cruinniú Mullaigh 1997 Cheannairí Stát agus Rialtas Bhallstáit Chomhairle na hEorpa. Ba é an príomhrud a bhain an Coiste sin amach le blianta beaga anuas, clár mór oibre a chur i gcrích, maidir le cearta bunúsacha sóisialta a rochtain. Mar chuid de sin, glacadh le treoirínite polasaí maidir le cosaint shóisialta, fostaíocht agus tithíocht a rochtain, chomh maith le tuarascáil chuimsitheach ar ollcheist na rochtana, agus moladh ó Chomhairle na nAirí do na Ballstáit ina leith sin.

Tá treoirínite á n-ullmhú faoi láthair ag coiste saineolaithe, maidir le tuismitheoireacht mhaith, éifeachtach, chun an leanbh a fhorbairt go hiomlán agus go sona i sochaí an lae inniú, le haird ar leith ar riachtanais tuistí san angar ag bochtaine agus eisiámh sóisialta. Tá obair ar siúl, chomh maith, maidir le conas is féidir le seirbhísí pearsanta leasa shóisialaigh freastal níos éifeachtaí ar riachtanais daoine faoi eisiámh sóisialta nó i mbaol eisiaimh shóisialta.

Reáchtáladh an Tríú Cruinniú Mullaigh ag Cinnirí Stát agus Rialtas Bhallstáit Chomhairle na hEorpa i Warsaw ar an 16-17 Mí na Bealtaine 2005, áit ar thug siad an t-athghealltanús uathu, maidir leis an gcuimsiú sóisialta. I measc na ngníomhaíochtaí a tháinig as an gCruinniú Mullaigh sin bhí bunú *Tascfhórsa Ardleibhéil um Chuimsiú Sóisialta san 21^ú hAois*. Ceapadh ionadaí na hÉireann, an tOllamh Mary Daly, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, mar dhuine d'ochtar ball an Tascfhórsa i Mí Nollag 2005, agus ceapadh í ina dhiaidh sin mar Chathaoirleach air.

An Eagraíocht um Chomhoibriú agus Forbairt Eacnamaíoch (OECD)

Bhí cruinniú ag Airí Gnóthaí Sóisialta OECD ar an 31^ú Márta-1^ú Aibreán, 2005. Bhí mar théama gearrálta ag an gcruinniú sin *Deiseanna a Leathnú: Conas a théann polasaí gníomhach sóisialta chun tairbhe dúinn ar fad*. Seo a leanas na mandáidí a thug na hAirí maidir le tuilleadh oibre do bhlianta amach anseo:

1. Leas leanaí agus tacaíocht do theaghlaigh
2. Impleachtaí sóisialta agus geilleagrach polasaithe um pinsin
3. Daoine faoi mhíchumas i Margadh an tSaothair
4. Comh-mheá nua idir cearta agus dualgais leasa shóisialaigh
5. Rioscaí saoil, cúrsaí oiliúna saoil agus polasaí sóisialta

¹ Rialtas na hÉireann, Rialtas na Breataine, Tuaisceart Éireann, Alba, An Bhreatain Bheag, Manainn, Guernsey, Jersey

Na Náisiúin Aontaithe

Rinneadh an 10^ú Bliain ó bhí Cruinniú Mullaigh na NA um fhorbairt shóisialta i gCóbenhávan (1995) a cheiliúradh i 2005. Is amhlaidh a cuireadh tús in Éirinn ndiaidh na hócáide sin leis an ullmhúchán chun Straitéis Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine a thabhairt isteach, rud a cuireadh i bhfeidhm ó 1997 amach. I dtosach na hoibre sin, bhí an obair á comhordú ag an Aonad Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine, ar tháinig an Oifig um Chuimsiú Sóisialta i gcomharbacht air, sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh.

Séamus Brennan TD, Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh, a bhí i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann i Nua Eabhrac i bhFeabhra ag cruinniú de Choimisiún Forbartha Shóisialta na NA, ar a bhfuil mandáid monatóireacht agus measúnóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i bhforbairt shóisialta ar fud an domhain, ag teacht leis na straitéisí a comhaontaíodh i gCopenhávan. Ní dul chun cinn ar aon chéim a tharla, ach é sin ag brath ar cé chomh maith is a bhí ag éirí le cúrsaí eacnamaíochta. Tíortha áirithe, ar éirigh go maith leo ó thaobh na heacnamaíochta de, Éire san áireamh, d'éirigh leo dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le forbairt shóisialta, agus an cur chuige straitéiseach ag obair go maith. Nótáil *Tuarascáil na Náisiúin Aontaithe um Fhorbairt* (UNDP) 2005 ardeibhéil i rath eacnamaíochta d'Éirinn thar tháscairí éagsúla. Ach is cosúil nach bhfuil an rath céanna le léamh ar fhigiúirí inchoimparáide um fhorbairt shóisialta. Cuireadh bosca speisialta isteach sa tuarascáil, faoin teideal “Dhá scéal i dtaobh na bochtaine in Éirinn”, mar mhíniú éigin ar an bhfeiniméan sin, bosca a chuirtear isteach anseo, leis.

Bosca 3

Dhá scéal i dtaobh na boch

D'fhonn a chinntiú gur féidir tíortha le hardleibhéil ioncain a chur i gcomparáid lena chéile, baintear úsáid as bonn coibhneasach i bhformhór na mbunachar comparáideacha chun an bhochtaine a mheas, mar shampla, i Staidéar Ioncain na Lucsambuirge, mar shampla (www.lisproject.org). Seachas líne dhaingean bochtaine a úsáid (mar shampla, líne idirnáisiúnta bochtaine \$1 in aghaidh an lae do thíortha fós ag dul faoi fhorbairt), úsáidtear slata coibhneasta tomhais chun an ráta bochtaine a shainmhíniú mar an céatadán de na daoine le hioncam indíuscártha faoi bhun 50% nó 60% de mheánioncam coigeartaithe náisiúnta na tíre. Is é seo an cur chuige is éifeachtaí, chun comparáid a dhéanamh idir tíortha éagsúla ag pointe áirithe ama. Nuair a tharlaíonn fás tapaidh eacnamaíochta, áfach, mar a tharla in Éirinn ag deireadh na 1990í – is féidir le slata tomhais choibhneasta leo féin daoine a chur ar strae.

Bunaithe ar an 50% agus 60% de mheánioncam, léiríonn an tábla dhá shraith ama éagsúla, maidir le bochtaine in Éirinn, maidir leis an mbochtaine choibhneasta agus leis an mbochtaine ar ancaire don 1994-2000. Bíonn líne choibhneasta bochtaine ag bogadh ó bhliain go chéile, ag freagairt do mheánioncam tíre. Fanann líne bochtaine ar ancaire le líne bochtaine na bliana tosaigh, agus déantar í a choigeartú do bhlianta eile de réir praghasanna do thomhaltóirí amháin.

Má úsáidimid mar shlat tomhais an líne choibhneasta bochtaine 60% de mheánioncam bliantúil, mar atá, an tslat tomhais is roghain leis an Aontas Eorpach, d'fhás an bhochtaine in Éirinn 11.3% idir 1994 agus 2000 (féach an tábla). Má shocráimid líne na bochtaine ag 60% de mheánioncam 1994, áfach, gan í a choigeartú do bhlianta eile ach de réir athruithe ar na praghasanna do thomhaltóirí, titeann ráta na bochtaine in Éirinn 55.9% sa tréimhse chéanna. Tugann an líne 50% de mheánioncam, mar an tslat tomhais is roghain le formhór lucht anailise na bochtaine agus an tslat a úsáidtear san innéacs um bhochtaine dhaonna leis an Tuarascáil seo. De réir an tábla, ardaíonn ráta bochtaine 11.9% i 1994

go 16.5% i 2000 ar bhonn coibhneasneasta, ach titeann níos mó ná trí cheathrú go ráta íseal 3.5%, má úsáidimid cur chuige an ancaire. Dhá scéal éagsúla faoi threochtaí na bochtaine in Éirinn atá á n-insint ag dhá líne sin na bochtaine, an ceann coibhneasta agus an ceann ar ancaire.

Is léir nach pictiúr iomlán a thugann treochtaí coibhneasta bochtaine agus cúinsí eacnamaíochta ag athrú go tapaidh, maidir leis na bealaí a dtéanna athruithe eacnamaíochta i bhfeidhm ar shaol daoine. Tugann na treochtaí coibhneasta nach ar aon ráta a d'fhás ioncain daoine in Éirinn, ach gur fhás ioncain isle ar ráta níos lú ná ioncain arda (nó bheadh titim dá réir ar an mbochtaine choibhneasta). Agus é sin ráite, tháinig fás a ndóthain ar ioncain isle chun an bhochtaine ar ancaire a laghdú de leath, beagnach. Tháinig méadú suntasach, ach go háirithe ar aistrithe sóisialta, rud a chiallaíonn go bhfaic pínínéirí feabhas suntasach ar a gcaighdeán maireachtana, cé go raibh siad fós i bhfad chun deiridh taobh le hioncain a d'éirigh go tapaidh, i gceall ar an bhfostaíocht agus ar an mbrabús. Ceist chrosta i gcónaí, an “fás eacnamaíoch chun tairbhe do na boicht” a chiallaíonn sé sin. Ach is gá dhá thaobh scéal na bochtaine a aithint.

Éagsúlachtaí idir an bochtaine choibhneasta agus an bochtaine ar ancaire in Éirinn.

Bliain	50% de mheánioncam		60% de mheánioncam	
	Líne bochtaine go coibhneasta	Líne bochtaine ar ancaire	Líne bochtaine go coibhneasta	Líne bochtaine go coibhneasta
1994	11.9	11.9	20.4	20.4
1995	12.9	11.1	20.8	19.2
1996	12.3	8.5	21.8	16.6
2000	16.5	3.5	22.8	9.0
Athruithe mar chéatadán 1994-2000	38.7	-70.6	11.3	-55.9

Foinse: Nolan, Munzi agus Smeeding 2005.

Cuairteoirí ón Iasacht

Le linn 2005, bhí cruinnithe ag lucht foirne OSI le scata cuairteoirí ón Iasacht chun obair na hoifige a mhíniú, mar aon leis an ról lárnach atá againn agus sinn ag féachaint le deireadh a chur leis an mbochtaine agus leis an eisiámh sóisialta in Éirinn. Ba mhinicí ná a mhalairt, is mar léirithe ag lucht OSI a reáchtáladh na cruinnithe sin, le tráth ceist agus freagraí ar a lorg, mar aon le malartú faisnéise. I measc na gcuairteoirí bhí daoine ón bhFrainc agus ón Ísiltír i mbun staidéir ar cheisteanna um polasaí sóisialta, lucht ollscoile ón tSeapáin i mbun taighde ar chaipiteal sóisialta, oifigigh ranna rialtais ón bhFrainc agus as an Ríocht Aontaithe, agus toscaireacht parlaiminte ó Hong Kong.

